

Straitéis Sóisialta

7.1	Réamhrá	268
7.2	Comhthéacs Reachtúil	268
7.3	Comhthéacs an Pholasaí	269
7.4	Bonneagar an Phobail i gCo. na Mí	269
7.5	Áiseanna Oideachais	285
7.6	Áiseanna Cúraim Leanaí	290
7.7	Áiseanna Cúraim Shláinte	293
7.8	Áiseanna Spórtúla agus Fóillíochta / Áineasa	295
7.9	Leabharlanna	301
7.10	Úirleachais / Tailte Adhlactha / Reiligí	303
7.11	Seirbhís Dóiteáin	304
7.12	Áiseanna Ealaíon agus Cultúrtha	305
7.13	Ealaín Phoiblí	306

7.1 RÉAMHRÁ

Ní bhraithean caighdeán beatha pobail éigin ar thithíocht, fostaíocht agus tacaíocht bonneagair amháin, ach ar an rochtain ar shaoráidí sóisialta, pobail agus cultúrtha freisin ar ríbhunúsach iad don chomhtháthú sóisialta, ag cur chun cinn braistinte pobail agus an fheabhsaithe phearsanta. Is scáth-théarma é an bonneagar pobail ar gnách go dtuigtear é le foirgnimh agus áiseanna eile san áireamh a bhaineann le fónamh de riachtanais an phobail ar riachtanais sóisialta, cultúrtha, sláinte, oideachais, cúraim leanaí, reiligiúin, áineasa agus fóillíochta. Is iad na comhlachtaí eanála poiblí nó an pobal iad féin go ginearálta a sholáthraíonn na háiseanna agus na seirbhísí, agus ar féidir leis an eanáil phríobháideach iad a sholáthar.

Féadann an bonneagar pobail ionaid bheaga miondíola a chuimsiú ar nós an tsiopa áitiúil, an tí tábhairne nó oifig an phoist, óir gur féidir leo cuidiú freisin chun braistint phobail ag an leibhéal áitiúil a chothabháil agus a chothú. Ní bhreithnítear iad sin go traidisiúnta ach amháin sa chomhthéacs dá bhfeidhm miondíola agus tráchtála, ach ní féidir a dtábhacht don gheilleagar áitiúil agus do chruthú braistinte pobail a ghanmheas, go háirithe sna hionaid atá níos mó amuigh faoin tuath agus atá níos iargúlta.

7.2 COMHTHÉACS REACTÚIL

Leagtar amach in Alt 10(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, liosta de chuspóirí éigeantacha lena n-áireamh i bplean forbartha. Pléifidh roinnt de na cuspóirí sin leis an mbonneagar sóisialta, bídís go díreach nó go hindíreach. Áirítear leo sin:

- Críosú tailte d'úsáid aonair nó phríomha na gceantar sonrach chun críocha faoi leith (lena n-áirítear úsáidí caithimh aimsire agus spáis oscailte) sa chás agus sa mhéid agus go dteastaíonn tascadh na n-úsáidí ó phleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair;
- Comhtháthú phleanáil agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair leis na riachtanais sóisialta, pobail agus cultúrtha den cheantar agus dá dhaonra;
- Caomhnú, feabhsú agus síneadh na bhfóntas agus na dtaitneamhachtaí caithimh aimsire, agus;
- Soláthar seirbhísí don phobal, nó éascú dá sholáthar, lena n-áirítear go sonrach scoileanna, naíolanna agus áiseanna oideachais agus cúraim leanaí eile.

Liostaítear sa Chéad Sceideal den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, na críocha dár féidir cuspóirí a áireamh sna pleananna forbartha. Déileálann Cuid III den Chéad Sceideal le háiseanna pobail agus áirítear leis na cuspóirí seo a leanas:

- Éascú do sholáthar agus lonnú na seirbhísí agus na n-áiseanna atá riachtanach don phobal, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:
 - i) Ospidéal agus áiseanna cúraim leanaí eile;
 - ii) Ionad d'fhorbairt shóisialta, eacnamúil, caithimh aimsire, chultúrtha, comhshaoil nó ghinearálta an phobail;
 - iii) Áiseanna do dhaoine scothaosta nó do dhaoine le míchumais;
 - iv) Ionaid adhartha phoiblí agus halla cruinnithe;
 - v) Áiseanna áineasa agus spásanna oscailte, lena n-áirítear páirceanna carbháin agus campála, páirceanna imeartha agus clóis súgartha;
 - vi) Áiseanna siopadóireachta agus baincéireachta, agus;
 - vii) Áirithint na dtailte d'úirleachais.

Ba cheart go dtabharfaí faoi deara go bhfaighfear na cuspóirí sonracha a bhaineann le cur in áirithe talaimh chun críocha baint amach an bhonneagair phobail ar fud an Chontae sna Pleananna Ceantair Áitiúil nó Ráitis Dearaidh Ghráige ar leithligh, de réir mar is cuí, cé gur sa Phlean Forbartha Contae a gheofar an comhthéacs polasaí dá bhaint amach.

7.3 COMHTHÉACS AN PHOLASAÍ

Leagtar béim sa Straitéis Náisiúnta Spásúlachta (SNS) agus sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath (RPGanna) ar an tábhacht a bhaineann le forbairt pobal láidir, bríomhar agus inbhuanaithe. Is í aidhm fhoriomlán na SNS leathadh níos fearr de dheiseanna oibre, cáilíocht beatha níos fearr do chách agus áiteanna cónaithe níos fearr a chur chun cinn. Tugtar le fios san SNS:

“braitheann feabhsú cháilíocht na beatha, trí chomhtháthú soláthar an bhonneagair shóisialta le polasaithe a théann i bhfeidhm ar an áit ina gcónaíonn agus ina n-oibríonn daoine, ar an gcaoi ina mbíonn cineálacha éagsúla bonneagair feiliúnach do phointí éagsúla laistigh den struchtúr uirbeach agus tuaithe.”

Teastaíonn mais chriticiúil áirithe chun feidhmeanna níos speisialta nó níos airde a bhuanú ar nós ospidéal nó foras oideachasúil tríú leibhéal. Bíonn an claonadh ann mar thoradh air sin go bhforbraítear na feidhmeanna sin sna hionaid uirbeacha níos mó laistigh de réigiún. Tá gá ann do dhea-fheidhmiú na bpobal níos lú go gcothaítear bonneagar pobail láidir, ar nós ionad pobail / halla ilfheidhmeach, bunscoil éigin, oifig an phoist, siopa áitiúil nó teach tábhairne. Soláthraítear i bhFigiúr 3 lastall, a thógtar ón SNS, patrún tascach den soláthar seirbhíse ar dóichí bheith oiriúnach ag leibhéal éagsúla na n-ionad uirbeach idir lonnaíochtaí tuaithe ar nós gráigeanna agus sráidbhaile agus an chathair. Leagtar béim sa SNS ar an ngá méid na lonnaíochta a mheaitseáil le leibhéal na seirbhísí ar féidir tacú leo. Is féidir inrochtaineacht ar réimse seirbhísí níos leithne a shlánú trí líonra bóithre de dhea-cháilíocht agus / nó iompar poiblí, scaipeadh an eolais agus soláthar na gclár for-rochtana feiliúnach.

Iarrann na RPGanna ar na hÚdaráis Phleanála glacadh le cuspóirí a fhorálann d'éilimh shóisialta, pobail agus chultúrtha gach duine agus pobal trí bhonneagar sóisialta agus pobail ar scaipthe go forleathan agus ar sorochtana é. Feictear na cuspóirí sin mar fhachtóirí rannchurtha suntasacha chun seachadadh ardcháilíocht beatha a chinntiú.

7.4 BONNEAGAR AN PHOBAIL I gCO. NA MÍ


Tá bunús sóisialta láidir ann i gContae na Mí, agus stair fhada d'eagrais phobail bheith inti. Feictear sé sin sna gníomhaireachtaí deonacha atá inti agus sna tionscnaimh phobail a fheidhmíonn ról lárnacha go fóil sa rannchur le seachadadh éagsúlacht leathan de sheirbhísí sóisialta áitiúla. Eochairchuid den straitéis fhoriomlán do shaoráidí pobail is ea spreagadh agus cúnamh a thabhairt d'fhoirmlí, forbairt, treorú agus comhordú na n-eagras pobail, na ngrúpaí leasa áitiúla agus féinchabhrach. Is féidir a chinntiú go mbaintear úsáid níos fearr as na háiseanna agus acmhainní atá ann chun riachtanais reatha agus na todhchaí a shásamh tríd an gcomhoibriú idir na grúpaí sin agus an tÚdarás Áitiúil.

Tá an earnáil pobail faoi bhrú nach beag agus an leibhéal acmhainní agus an obair dheonach ag sracadh chun fónamh d'éilimh an daonra fhorhódaigh; agus is beag an cúnamh a thagann ó phatrúin oibre athraitheacha, uaireanta oibre níos faide agus an easpa dualgais shóisialta agus pobail. Agus Contae na Mí ag coinneáil uirthi ag forbairt struchtúir uirbigh níos treise is amhlaidh atá

codanna den chontae fós ann, san iarthuaisceart, sna iarthar agus san iardheisceart go príomha lena mbaineann struchtúr tuaithe den chuid is mó. Cuireann nádúr scaipthe an daonra tuaithe teorainn leis an inmharthanacht eacnamúil a bhaineann le seirbhísí poiblí, sóisialta agus cultúrtha a sholáthar.

Tá Comhairle Contae na Mír tiomanta do neartú an struchtúir lonnafaíochta agus an chomtháthaithe seirbhíse ar fud an Chontae, agus is aidhm léi na bearnaí sa soláthar saoráide agus seirbhíse a dhíothú sna cásanna ina dtarlaíonn siad. Is ina leith sin a aithneofar in iniúchadh atá ar bun faoi láthair de na háiseanna spórtúla agus pobail sa chontae na bearnaí atá ar infhaighteacht agus úsáid na háiseanna sin. Bainfear úsáid as an Scéim Ranníocaíochta Forbartha chun cuidiú le roinnt riachtanas sa limistéar sin a chomhlíonadh.

Figiúr 3: Daoine agus Bonneagar Sóisialta - Rochtain ar Sheirbhísí (Foinse - An Straitéis Náisiúnta Spásúlachta) Cuimsiú Sóisialta



Ní foláir go nglactar cúram speisialta le suíomh na háiseanna pobail de bharr leibhéil éagsúla soláthair sheirbhíse a bheith oiriúnach do lonnaitheacht de mhéideanna éagsúla agus ba chóir go mbreithneofaí go cúramach ar áiseanna agus seirbhísí oiriúnacha a lonnú laistigh de bhailte agus sráidbhailte de réir mar a thagann an riachtanas chun cinn agus atá inrochtana do gach earnáil den phobal.

Is é príomhról an Údaráis Phleanála dóthain tailte a chur in áirithe laistigh de na láithreacha lonnaitheacht le héilimh dhóchúlú na todhchaí maidir leis an mbonneagar pobail a shásamh. Is fadhb athfhillteach maidir le soláthar an bhonneagair sin, go háirithe sna háiseanna oideachais agus sláinte arb iad comhlachtaí poiblí a sholáthraíonn iad den chuid is mó, nach bhfuil cur in áirithe na suíomh sin tríd an gcóras iomchuí ina ráthú do sholáthar tráthúil áise pobail éigeantaí. Féachfaidh na Pleananna Ceantair Áitiúla agus na Pleananna Creatlaí leis an bhfadhb reatha seo a réiteach trí sholáthar na háiseanna pobail a nascadh le méaduithe sa daonra cónaitheach laistigh de cheantair chónaitheacha móra trí mheán socruithe céimnithe. Tá dualgas ar an Údarás Pleanála faoi Alt 15 (1) den Acht um Pleanáil & Forbairt chun “pé beart atá mar chumhacht aige a ghlacadh agus is gá do shlánú cuspóirí an phlean forbartha”. D’áireofaí leis sin leithreasú an talaimh ag an Údarás Áitiúil lena chur ar fáil chun críche nó úsáide ar leith.

Is í an rogha ceann don Údarás Pleanála é go n-éascódh na foirgnimh nua agus na foirgnimh atá ann do réimse úsáidí pobail chomhlántacha agus chun foráil dóibh. Fiosróidh an tÚdarás Pleanála na deiseanna d’úsáid ilchuspóireach lena chinntiú go bhfóntar do na pobail ar an gcaoi is fearr gan dubailt iarrachta bheith ann. Tá sé tábhachtach go mbaintear an leas is fearr agus is féidir as foirgneamh éigin, agus áiseanna pobail agus fóillíochta a sholáthar gar do na ceantair ina mbíonn siad ag teastáil.

SPRIOC

Foráil do leas gach cónaitheoir an chontae amach anseo trí sholáthar seirbhísí agus áiseanna riachtanacha a chinntiú trí mheán comhairliúcháin leis na fóraim dá bhfuil ar fáil.

POLASAITHE

POL SÓIS 1	Tacú le soláthar agus fiú amháin le dáileadh réimse áiseanna bonneagair shóisialta chun riachtanais daonra an Chontae a shásamh i gcomhthadhall le grúpaí reachtúla, deonacha agus pobail.
POL SÓIS 2	A chinntiú go mbraislítear le chéile na háiseanna pobail, áineasa agus spáis oscailte, de réir mar is infheidhmithe, agus na háiseanna pobail a bheith suite in ionaid áitiúla nó comhcheangailte le háiseanna scoile de réir mar is cuí. Ba chóir go mbeadh áiseanna pobail suite gar don tithíocht nó laistigh d’achar shiúl na gcos uaithi, agus iad inrochtana do gach earnáil den phobal agus ba cheart go n-éascóidís d’fheidhmeanna ilchuspóireacha trína ndearadh agus a leagan amach.
POL SÓIS 3	Féachfaidh an tÚdarás Pleanála le dul i mbun comhairliúcháin bhríomhair le grúpaí pobail agus gníomhaireachtaí óige i dtaca le forbairt aon spáis phoiblí shuaithinsigh a tharlóidh laistigh de Bailte Fáis Mhóir nó Fáis Mheasartha, agus go háirithe i ndáil le forbairt an Údaráis Áitiúil é féin.

POL SÓIS 4	Féachfaidh an tÚdarás Pleanála le seachadadh éifeachtúil na háiseanna pobail agus sóisialta ar cóimhéid le riachtanais an daonra chónaithe a thiocfadh mar thoradh orthu, agus go bhforbraítear na háiseanna sin go comhaimseartha leis an bhforbairt chónaitheach. Forálfar in ullmhú na bPleananna Limistéir Áitiúla agus sna Pleananna Creatlaí, le cúnamh ó na Treoirínte Eastáit Chónaithe (arna n-ullmhú) do sheachadadh na háiseanna dá leithéid.
POL SÓIS 5	Iallach a leagan síos mar chuid de gach forbairt chónaitheach agus tráchtála úr, agus sna forbairtí atá ann de réir mar is cuí, go bhforálfai d'áiseanna lena n-áireofaí siopaí áitiúla / comharsanachta, áiseanna cúraim leanaí, scoileanna agus áiseanna áineasa, agus a soláthar a lorg ag comhthráth leis an bhforbairt.
POL SÓIS 6	An Scéim Ranníocaíochta Forbartha a chur chun feidhme, a bheidh mar bhunús d'fheabhsú na háiseanna pobail dá bhfuil ann agus do mhaoiniú na háiseanna pobail úra.

Ní mór do phleananna forbartha faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 cuspóirí a áireamh leo do chomhtháthú na pleanála agus na forbartha inbhuanaithe le riachtanais sóisialta, pobail agus cultúrtha an cheantair agus a dhaonra. Tá tógáil pobal láidir cuimsitheach ina bunchuid de bhaint amach na gcuspóirí forbartha inbhuanaithe sin. Teastaíonn soláthar an oideachais, na seirbhísí tacaíochta pobail agus sláinte, taitneamhachtaí agus áiseanna fóillíochta agus timpeallacht thógtha dea-cháilíochta, agus rochtain orthu leis, anuas ar an bhforbairt eacnamúil féin. Teastaíonn deiseanna ó phobail freisin chun bualadh agus meascadh le chéile, agus chun naisc a chothú freisin, atá go léir ina réamhriachtanais d'fhorbairt áite agus braistint an chomhuinítearais.

Tá gnéithe ilíocha ag an eisiámh sóisialta agus is iad an táirge deiridh iad ar phróisis agus teaghlaim de dhíothachtaí a bhaineann de leas daoine aonair, teaghlach, grúpaí sóisialta agus pobal. Sainíonn an Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta an t-eisiámh sóisialta mar:

"Na próisis trína mbrúitear grúpaí áirithe d'imill na sochaí agus ina gcosctar iad ó rannpháirt iomlán a ghlacadh de bhua a mbochtanais, an oideachais ísil nó scileanna beatha neamhdhóthanacha. Cuireann sé sin deighilt idir iad agus deiseanna poist, ioncaim agus oideachais chomh maith le líonraí sóisialta agus pobail. Is beag rochtain atá acu ar chumhacht agus ar chomhlachtaí cinnteoireachta agus is beag seans atá acu tionchar a fheidhmiú ar chinntí agus poilsaithe a théann i bhfeidhm orthu féin, agus is beag seans atá acu a gcaighdeán maireachtála a fheabhsú."

Bíonn an claonadh i ngach aon phobal, in ainneoin soláthar na seirbhísí bonneagair shóisialta, go bhfanann grúpaí agus daoine áirithe aonraithe agus bacainní rompu rochtain a fháil ar na deiseanna céanna le daoine eile. Teastaíonn polasaithe sonracha ó na grúpaí agus na daoine aonair sin a thacaíonn chun na bacainní sin a sháru agus a chuireann ar a gcumas an cháilíocht beatha chéanna a bheith acu le hais an chuid eile den phobal. Áirítear leis na grúpaí a aithnítear de bheith 'i mbaol' na bochtaine nó an eisiata shóisialta:

- Leanaí;
- Teaghlaigh aontuismitheora;
- Daoine scothaosta;
- Mná;
- Cúramóirí;

- Daoine dífhostaithe agus fir scothaosta;
- Daoine le míchumais;
- Daoine le breoiteachtaí meabhairshláinte;
- Oibrithe imirceacha;
- An Lucht Siúil;
- Iarrthóirí tearmainn agus teifigh;
- Na 'hoibrithe bochta' (i. teaghlaigh íosphá);
- Teaghlaigh gan rochtain ar mhótarghluaisteán, agus;
- Daoine gan dídean nó iad siúd i mbaol a bheith gan dídean.

Éifeacht dhiúltach a bhaineann le geilleagar atá ag fás is ea méadú i neamhionannais sóisialta agus sa pholarú sóisialta. Ní dhearnadh tairbhí an rathúnais eacnamúil le deich mbliana anuas a roinnt amach go cothrom, agus d'éascair neamhréireanna méadaitheacha, seachas iad bheith laghdaitheach, i gcáilíocht na beatha as sin. Níl an t-eisiamh sóisialta teoranta go sonrach do limistéar nó earnáil amháin faoi leith, cé go bhféadann sé bheith níos géire i limistéir nó earnálacha ar leith seachas a chéile. Tá samplaí ann de neamhionannais um shaibhreas agus cáilíocht na beatha, fiú amháin laistigh de Cho. na Mí, sna bailte agus sráidbhailte, sna pobail thuaithe agus i measc grúpaí sóisialta ar leith. Na bacainní d'fháil na rochtana ar an lucht saothair ar nós na heaspa cúraim leanaí leordhóthanaigh agus inacmhainne agus na rochtana ar oideachas agus deiseanna oiliúna; leanann siad ar aghaidh de bheith ag dul i bhfeidhm ar ghrúpaí agus ceantair áirithe agus loig den dífhostaíocht sheasmhach fós ann. Tá an rochtain ar sheirbhísí fós ina deacracht do roinnt daoine, go háirithe dóibh siúd le míchumais nó dóibh siúd a chónaíonn i gceantair thuaithe iargúlta gan dóthain seirbhísí iompair phoiblí nó rochtain ar ghluaisteán príobháideach.

Tá teannais áirithe tar éis forbairt mar thoradh ar theacht isteach mear na gcónaitheoirí nua isteach sna pobail bhunaithe sna bailte agus sráidbhailte ar fud an chontae. Is as Baile Átha Cliath do thrómlach na gcónaitheoirí úra, agus iad fós ag comaitéireacht go dtí an obair agus ag meascadh le daoine i mBaile Átha Cliath, agus an chuid is mó de gach aon seachtain caite lasmuigh dá bpobal úr. Is minic gur tearc iad na deiseanna do mheascadh idir cónaitheoirí nua agus daoine seanbhunaithe an phobail; agus an toradh air sin go dtógann sé i bhfad níos faide do naisc shóisialta agus braistint phobail chun forbairt. Féadann an t-aonrú ón bpobal bheith mar thionchar fadtéarmach an méid sin do chónaitheoirí úra, agus ina dhiaidh sin ó na struchtúir agus forais a sholáthraíonn seirbhísí don phobal sin.

Tá ról tábhachtach ag an bPlean Forbartha - lena réimse straitéisí chun comhshaol fisiciúil níos fearr a chruthú agus chun rochtain ar an tithíocht, áiseanna pobail, iompar poiblí, srl. a chur chun cinn - chun an t-eisiamh sóisialta sa chontae a laghdú. Áiríodh leis an rannóg um Áiseanna Pobail polasaithe a fhéachann lena chinntiú go soláthraítear do riachtanais sóisialta, pobail agus cultúrtha gach duine agus pobal trí sholáthar bonneagair shóisialta agus pobail atá scaipthe go forleathan agus ar sorochtana é, agus a rannchuireann le seachadadh ardcháilíocht na beatha, agus a chinntíonn é. Áiríodh polasaithe leis an Straitéis Tithíochta chun comhtháthú na bpobal faoi mhíbhuntáiste sóisialta a chinntiú, lena n-áirítear an Lucht Siúil, leis an bpobal i gcoitinne trí bhearta ar nós ceangaltas go dtiomnaítear comhréir thugtha den tithíocht dá gcuid riachtanas. Aithnítear go forleathan anois na tairbhí a bhaineann le gnóthú cothromaíochta níos mó de mheascán sóisialta. Beidh sé tábhachtach a chinntiú go seachnófar cruthú na gceantar faoi mhíbhuntáiste sóisialta amach anseo, go háirithe maidir le hionad agus scála na forbartha tithíochta sóisialta.

Ba cheart go mbeadh an ceart ag gach duine a gcumas a chomhlíonadh, tríd an rochtain ar sheirbhísí poiblí ardcháilíochta, oideachas, agus deiseanna fostaíochta, tithíocht leordhóthanacha agus comhshaol tarraingteach agus sábháilte. Tá sé tábhachtach, dá réir, go ndéantar ár gcomhshaoil chónaitheacha, oibre agus fóillíochta a dhearadh agus a chothabháil ar bhealach arb inrochtana é do chách.

SPRIOC

Tá Comhairle Contae na Mí tiomanta d'fhorbairt shochaí atá bunaithe ar chomhionannas, cuimsitheach agus rannpháirtíocht do chách, agus an ceart ag gach aon duine a mbeatha a chaitheamh i dtimpeallacht thírúil shábháilte le rochtain ar na seirbhísí agus áiseanna riachtanacha chun a gcuid ionchas agus cumas a fhíorú.

7.4.1

Bord Forbartha Chontae na Mí

Is é ról Bhord Forbartha Chontae na Mí comhordú a dhéanamh ar sheachadadh na seirbhísí a sholáthraíonn líon mór gníomhaireachtaí reachtúla, príobháideacha, pobail agus deonacha le cúram orthu as tacú leis an bhforbairt eacnamúil, shóisialta agus chultúrtha. Tá eochair-ról aige freisin um éascú chomhtháthú an rialtais áitiúil agus na forbartha áitiúla. Pléadh i Rannóg 3.1.3, Straitéis Forbartha Eacnamúil le gnéithe áirithe den Straitéis seo.

Sheol Bord Forbartha Chontae na Mí (BFC) a straitéis chomtháite deich mbliana don chontae *"Le Chéile - An Integrated Strategy for Meath to 2012"* i mí Eanáir 2002. Bhí an straitéis chuimsitheach sin bunaithe ar chomhairliúchán agus taighde fairsing, ag an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

Tá *Le Chéile* bunaithe ar mhisean comhaontaithe BFC:

"Forbairt inbhuanaithe Chontae na Mí a chur chun cinn trí chur chuige comhtháite agus atá cuimsitheach go sóisialta, ina n-aithnítear cumas eacnamúil, sóisialta agus cultúrtha an daonra, agus na teorainneacha agus deiseanna a sholáthraítear le hacmhainní comhshaoil agus eile an chontae."

Tá sé chuspóir ag straitéis *Le Chéile*, mar atá:

- 1) Fás eacnamúil agus fostaíochta inbhuanaithe a shlánú, as a dtiocfaidh caighdeán mhaireachtála feabhsaite i gContae na Mí;
- 2) Feabhsú a chur le hiomaíochas idirnáisiúnta na ngnólaigh sa Mhí agus leis an gcumas infheistíocht isteach a mhealladh.
- 3) Forbairt níos cothroime a chur chun cinn ar fud na Mí;
- 4) An cuimsiú sóisialta a chur chun cinn i ngach cuid den chontae;
- 5) Cáilíocht na beatha a fheabhsú do gach cuid de shochaí na Mí, agus;
- 6) Cáilíocht agus éagsúlacht na hoidhreacht nádúrtha agus cultúrtha a chothabháil agus a fheabhsú.

Tá creatlach spásúil arna bunú sa Phlean Forbartha Conate, sna Treoirínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta mar bhonn taca do *Le Chéile*

Rinne *Le Chéile* éifeachtaí an fháis sa daonra a chíoradh, de réir mar a bhraith soláthraithe seirbhíse é. Áiríodh leo, maidir leis na saincheisteanna sóisialta:

- An easpa taitneamhachtaí sóisialta, rud a chuireann leis an mbás sa choireacht, go háirithe sna ceantair atá i mbéal mearfhorbartha;
- Ardú san éileamh ar sheirbhísí bus sna lárionaid ar nós Dhún Búinne & Chluain Aodha;
- Baineann fadhb leis na seirbhísí iompair do dhaoine le míchumais, agus iad gannchistithe & gan bheith ann in áiteanna;
- Téann dlúis daonra níos ísle i dtuaisceart an Chonate i bhfeidhm ar an gcineál áiseanna áineasa is féidir a fhorbairt;



- Teastaíonn aird faoi leith a thabhairt d'larthuaisceart na Mí;
- Méadú um líon na ndaoine scothaosta spleácha & daoine le míchumais;
- Éilimh níos mó ar acmhainní airgeadais & daonnra araon;
- Éileamh níos mó ar sheirbhísí, ach buiséid teoranta lena seachadadh (grúpa ADM);
- Méadú um líon na mban ag lorg tacaíocht (ionad tearmainn), agus;
- Gá d'obair shaindirithe in aghaidh na bochtaineachta.

Leagann Le Céile amach 184 príomhghníomh a chuirfear chun feidhm thar an tréimhse 2002-2012, bunaithe ar na sé chroí-chuspóir agus ar an gcreatlach spásúil. Eagraítear iad faoi cheithre earnáil, ag cloí go mór leis na hearnálacha sa Phlean Forbartha Náisiúnta 200-2006;

1. Bonneagar eacnamúil, sóisialta agus cultúrtha;
2. Earnálacha táirgiúla;
3. Oideachas, oiliúint agus acmhainní daonna, agus;
4. Áiseanna agus seirbhísí sóisialta, cultúrtha agus comhshaoil.

Chuathas i mbun an t-athbhreithniú 3 bliana ar *Le Chéile* bunaithe ar nuashonrú de phróifíl shocheacnamaíoch an chontae, bunaithe go sonrach ar na sonraí atá ag éirí as Daonáireamh 2002 (an anailís arna déanamh ag NIRSA) agus as Tuarascáil Gníomhaíochta don BFC do na blianta 2002-2004. Pléitear sa Tuarascáil Gníomhaíochta an dul chun cinn a rinneadh maidir le gach 184 gníomh a leagadh amach in *Le Chéile*. D'fheidhmigh an Oifig Pobail agus Fiontair i gComhairle Contae na Mí ról éascaitheach i gcaitheamh na tréimhse sin le bunú na struchtúr chun ligean do chomhtháthú níos mó um sheachadadh seirbhísí áitiúla.

Áirítear leis na struchtúir sin:

- Fóraim Phobail an Chontae agus Máguaird;
- Grúpa Stiúrtha Pobail agus Deonach;
- Grúpa na mBeart Cuimsitheachta Sóisialta (BCS) ;
- Coiste Cúraim Leanaí Chontae na Mí;
- Comhpháirtíocht Spórt Áitiúil na Mí, agus;
- Fóram Oideachais na Mí

Leagadh béim san athbhreithniú ar *Le Chéile* gur threisigh Próifíl Shocheacnamaíoch 2005, arna foilsiú ag BFC na Mí, an phráinne a bhain le chur chun feidhme *Le Chéile* de bharr roinnt treochtaí bheith dul chun donais, cé gur aithníodh na treochtaí tascacha sóisialta a nochtadh le Daonáireamh 2002 roimh an straitéis féin. Is contae í an Mhí atá i mbun trasdula, agus í ag athrú ó bheith ina contae tuaithe den chuid is mó le bheith ina chontae uirbeach. Táthar ag cruthú contae 'an dá leath' leis na hathruithe go pointe áirithe (deisceart / oirthear agus tuaisceart / iarthar) - agus treochtaí codarsnacha agus saincheisteanna éagsúla os a gcomhair.

Tháinig ullmhú an Phlean Gnímh don dara tréimhse trí bliana de Straitéis an Bord Forbartha Contae mar bharr ar an athbhreithniú. Roghnaíodh líon teoranta eochairthosaíochtaí agus eochairghníomhartha le Plean Gnímh na mblianta 2005 - 2008 ar a ndíreoidh an BFC sna chéad trí bliana eile amach anseo. Díríodh an bhéim le roghnú na ngníomhartha tosaíochta ar roghnú na ngníomhartha a bhfuil nasc dlúth acu le croíchúram an BFC féin. Tiocfaidh táirgeadh Plean Gnímh leis an tréimhse 2009-2012 a chuimsiú mar thoradh ar an gcéad athbhreithniú eile atá pleanáilte i leith Straitéis an Bord Forbartha Contae.

7.4.2 Anailís Limistéir Shóisialta bainte amach ag NIRSA

Is eochairchuspóir de chuid gach straitéis forbartha don todhchaí é sochaí níos cuimsithí a chur chun cinn. Is croíchuspóir de chuid Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 é. Tá deacrachtaí i gceist le méid an eisiata shóisialta a thomhas cé go bhfuil comhaontú leathan ann i leith an chuspóra sin. Is gá brath ar roinnt seachathróg chun imdháileadh na ngrúpaí a d'fhéadfadh bheith i mbaol foirm éigin den eisiamh sóisialta a aithint de bharr na sriantaí sonraí fíorshuntasacha. Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara go mb'fhéidir nach bhfeiceann gach aon duine a gcuireann seachathróg faoi leith síos orthu an t-eisiamh sin.

Tá comparáid fhabhrach ann den Mhí le hais fhuílleach an stáit i ndáil le sraith táscairí sóisialta éagsúla. Tagann comhréireanna ábhairín níos lú de mhuintir na Mí faoi chatagóirí an teaghlaigh aontuismitheora agus faoi mhíbhuntáiste oideachasúil. Is cuibheasach ísle é an ráta dífhostaíochta agus céatadán na ndaoine a chónaíonn sa tithíocht údaráis áitiúil sa Mhí freisin. Léirítear na leibhéil níos ísle do na catagóirí sin trí éagsúlachtaí sna scóranna Haase-Pratschke um fhlúirse / dhíothacht absalóideach agus choibhneasta don Mhí agus do mheán an Stáit trí chéile. Tá scór níos airde ag an Mí ó thaobh na flúirse absalóidí agus coibhneasta araon le hais an chuid is mó de na contaetha eile sa Stát. Taispeántar sna meastacháin um athrú sna scóranna coibhneasta flúirse / díothachta freisin gur chonacthas méadú ní ba mhó sa Mhí sna leibhéil fhlúirse ná fuílleach an Stáit thar an tréimhse 1996-2002.

Baineann na leibhéil is ísle den fhlúirse choibhneasta ag leibhéal an Toghcheantair (TC) laistigh den Mhí féin, bunaithe ar an Innéacs Haase-Pratschke, leis na codanna níos tuaisceartaí agus níos iartharaí den chontae, chomh maith le lár na mbailte uirbeacha móra ar nós Bhaile Átha Troim, na hUaimhe agus Cheanannais. Ba iad na Toghcheantair a aicmíodh de bheith faoi mhíbhuntáiste bunaithe ar an innéacs úd ná: Cill Mhaighneann (-7.8), An Chloch Bhreac (-7.6), Damhliag (-7.12) agus Baile Shláine (-7.1). Chonacthas na leibhéil ab airde den fhlúirse san oirdheisceart, le clachain ní ba lú i bpurláin Dhroichead Átha agus i bpurláin tuaithe Bhaile Átha Troim. Ba iad na Toghcheantair leis na leibhéil ab airde den fhlúirse choibhneasta, bunaithe ar an innéacs sin, ná Cill Chúile (19.3), Ráth Tó (17.4), Dún Seachlainn (16.8), Baile Rodáin (16.1), Kilbrew (15.5), agus Dún Búinne (15.2). Ba é Cill Chúile (+ 28.9) a chonaic an méadú ba shuntasáí ina scór don fhlúirse choibhneasta thar an tréimhse 1991-2002, agus Caisleán Shiurdáin (27.8), Caisleán Riocaird (27.2), Baile an Chaisleáin (25.9), Baile Uí Bhogáin (25.8), Má Locha (25.6) agus Ard na Mullán (25.0). Chonacthas na méaduithe ba lú i scóranna flúirse coibhneasta i gCoill Fhallamhain (3.0), i gCill Eiche (7.5) agus i mBaile na Cloiche (9.6).

Tháinig anailís NIRSA ar an gconclúid sa chur i láthair den tíopeolaíocht ceantair shóisialta bunaithe ar 5 fhachtóir, mar atá - stádas socheacnamaíoch, an leibhéal uirbeachais, stádas teaghlaigh, athrú déimeagrafach agus stádas an mhargaidh shaothair. Is féidir tíreolaíocht shocheacnamaíoch an chontae a achoimriú agus ceantair éagsúla bheith éagsúil óna chéile ann in ainneoin na héagsúlachta casta socheacnamaíche agus déimeagrafaí. Éiríonn clachain dúichí aníos ón anailís freisin.

Clachan 1: Sean-Chróithe Cathrach

Tá 3 thoghroinn sa chlachan seo, a bhaineann le roinnt de na hionaid chathrach is mó sa chontae, eadhon láir Bhaile Átha Troim agus na hUaimhe, chomh maith le ceantar na hInse agus Bhaile an Bhiataigh. Tá sé mar shaintréith faoi leith den chlachan seo go bhfuil leibhéil daoine thar an meán ag an gcatagóir sin os cionn 65 bliain d'aois, ina ndaoine singile, ina dteaghlaigh aontuismitheora, agus ina ndaoine a chónaíonn in árasáin. Tá leibhéil chuibheasach arda de shaoránaigh neamhnáisiúnacha, de rannpháirtíocht bhaineann sa lucht saothair, teaghlaigh gan carr ar bith inti, chomh maith le leibhéil arda comaitéirí a chaitheann 90 nóiméad nó níos mó ar a n-aistear laethúil chuig an láthair oibre agus uaithi.

Clachan 2: Ceantair Chomaitéireachta agus Imchathrach

Áirítear 13 toghroinn sa chlachan seo, agus an claonadh acu bheith laistigh de na príomhchriosanna comaitéirí in oirthear agus oirdheisceart an chontae agus i bpurláin bhailte móra na hUaimhe, Bhaile Átha Troim, na hInse agus Dhroichead Átha. Áirítear an limistéar timpeall an Bhóthair Bhuí agus laistigh de sa chlachan seo. Tá an clachan seo ina macasamhail nach mór de Bhraisle 1, sa mhéid agus an claonadh bheith sna dúichí go mbaineann saintréithe na leibhéal rí-íseal, le hais an mheáin, de na hathróga éagsúla ar gaolmhar leis an díothacht shóisialta iad. Baineann saintréith de leibhéal daoine pósta & leibhéal aosach óg (25-44) os cionn an mheáin leis an gclachan seo. Tá na meándlúis daonra is airde mar shaintréith ag an gclachan seo, chomh maith leis an ráta is mó d'fhás sa daonra. Tugann sé sin le fios go bhfeidhmíonn ceantair laistigh den chlachan seo mar áiteanna cónaitheacha mealltacha d'insreabhadh mear na n-imirceach isteach sa chontae.


Clachan 3: Limistéir Thuaithe Láidre

Is iad clachain 3 agus 4 na grúpálacha is mó i bhfad, i dtéarmaí an achair a chlúdaítear agus i líon na dtoghranna freisin araon. Is i gClachain na gCeantar Thuaithe Láidre a fhaightear an líon toghranna is mó i ngach aon chlachan, agus 36 toghroinn inti trí chéile (40%), atá dírithe go sonrach ar cheantair thuaithe de chuid is mó i gcodanna deisceartacha agus lárnaigh an chontae go príomha. Is inspéise í an déimeagrafaíocht le leibhéal arda sna catagóirí aoise 15-24 agus 45-64, agus leibhéal daoine níos ísle ná an meán san aoischohórt 25-44. Ar an láimh eile de, baineann leibhéal níos ísle, le hais an mheáin, d'árasáin, tithíocht nua, agus tithíocht Údaráis Áitiúil ar cíós, leis an gclachan; atá mar bhonn taca dá réir leis na saintréithe tuaithe den cheantar seo den chuid is mó, fearacht na leibhéal fostaíochta talmhaíochta níos airde ná an meán. Dealraítear Clachan 3, as gach aon chlachan, bheith mar an ceann ba lú a ndeachthas i bhfeidhm air ag an ráta fáis sa daonra thar an tréimhse 1996-2002, cé go raibh éagsúlachtaí ann idir na toghranna.

Clachan 4: Limistéir Thuaithe Láidre

Tá 31 toghroinn sa chlachan seo, a chlúdaíonn go leor de chodanna iarthuaisceartacha agus iartharacha an chontae, chomh maith leis an gcearn iardheisceartach. Baineann leibhéal chuibheasacha arda den chobhsaíocht chónaitheach leis an gclachan, mar is follasach sa ráta cuibheasach níos ísle den fhás sa daonra le hais codanna eile den chontae, an leibhéal ard den tithíocht neamh-mhorgáistithe úinéir-áitithe. Tá na meánleibhéil vótála sa chlachan go maith os cionn an mheáin don chontae freisin. Ar an láimh eile de, is ag na toghranna sa chlachan seo atá na meándlúis daonra is lú, chomh maith le meánleibhéal níos ísle den tithíocht nua, céimithe tríú leibhéal, agus daoine a thaistílíonn ar feadh 90 nóiméad níos mó ina n-aistear laethúil go dtí an láthair oibre.

Figiúr 4: Saintréitheacht Limistéir Sóisialta 2002



Clachan 5: Limistéir Imeallacha

Tá líon cuibheasach beag ranna laistigh de Chlachan 5, le naonúr acu ann, agus iad scaipthe go spásúil thar chodanna éagsúla de Cho. na Mí. Is é comhainmneoir na dtoghranna sin ná a leibhéil arda d'fhachtóirí éagsúla a bhaineann leis an díothacht shóisialta. Baineann meánráta dífhostaíochta rí-ard de 10.1% leis an gclachan seo, le meánleibhéil arda don chéatadán daoine a chónaíonn sa tithíocht Údarás Áitiúil ar cíos, do dhaoine le leibhéil ísle gnóthachtála oideachais, agus sna grúpaí den aicme shóisialta leathoilte agus neamhoilte. Baineann leibhéil arda teaghlach aontuismitheora agus teaghlacha aontuismitheora gan chlann leis na toghranna sa chlachan seo. Tá céatadán arda teaghlach laistigh de na clachain seo gan charr freisin, chomh maith le bheith gan ríomhaire pearsanta ná rochtain ar an Idirlín. Baineann rátaí fáis daonra os cionn an mheáin mar shaintréith leis na toghranna laistigh den chlachan seo. Ar an láimh eile de, is sna ceantair seo atá leibhéil níos lú, le hais an mheáin, de náisiúnaigh neamh-Éireannach agus nach de bhunadh na Ríochta Aontaithe iad agus d'oibrithe páirtaimseartha, chomh maith le leibhéil ísle daoine sna haicmí sóisialta bainistíochta, teicniúla agus gairmiúla. Na toghranna sa chlachan seo ná Ceanannas Uirbeach, Baile Nua, Damhliag, Baile Shláine, An Seanchaisleán, Ard na Mullán, Baile Átha Búí, Cloch Bhreach agus Cill Uí Chonacháin.

Conclúidí

Tugtar le fios ón anailís sin gur féidir líon beag clachain dearscnaitheacha a aithint, ar bhunús na saintréithe socheacnamaíochta agus déimeagrafacha cosúla, fiú amháin i gcontae ar nós na Mí ina bhfuil leibhéil cuibheasacha ísle den srathúchán aicme shóisialta. Is léir éagsúlachtaí suntasacha idir na clachain inti, ar nós éagsúlachtaí ó thaobh na flúirse coibhneasta idir Chlachan 5 agus Clachain 1 agus 2, agus éagsúlachtaí ó thaobh an fháis sa daonra idir Chlachan 2 agus Clachain 4 agus 5. Léirítear de bhar na hanailíse sin roinnt an chontae ina chúig cheantar shóisialta ar cuibheasach éagsúil óna chéile iad, agus saintréithe socheacnamaíochta agus déimeagrafacha ar cuibheasach cosúil iad ag gach aon cheann acu, agus a fadhbanna agus dúshláin féin a bheith bainteach le gach clachan óna dteastóidh idirghabhálacha agus freagairtí polasaí éagsúla. Táthar ag díriú ar leas

sóisialt i leith Clachan 5, agus baineann an dúshlán le fás eacnamhúil agus fostaíochta na gceantar atá cuibheasach tearcfhorbartha laistigh den chlachan seo a bhisiú roimh na hathruithe do na ceantair sin a d'fhéadfadh teacht aníos sna blianta amach romhainn ag éirí as leibhéil ardaithe den fhorbairt chónaitheach. Tá níos lú deacrachtaí os comhair Clachan 2, i gcodarsnacht leis sin, i ndáil le rannpháirtíocht sa lucht saothair agus buairimh leasa shóisialta, ach baineann a gcuid buarthaí ina áit sin le freagairt don fhás mear sa daonra a chonacthas sna dúichí laistigh den chlachan le blianta beaga anuas. Baineann na príomhbhuarthaí anseo le saincheisteanna cháilíocht na beatha ag eascairt as soláthar seirbhís neamhdhóthanach agus deacrachtaí comaitéireachta. Is iad na fadhbanna uirbeacha is mó a shainíonn na dúshláin atá os comhair na limistéar croíchathrach laistigh de Chlachan 1, chomh maith le saincheisteanna ar a dtabharfar aghaidh i dtéarmaí éileamh méadaitheach na ndaonraí atá ag dul in aois. Baineann na fadhbanna do Chlachan 4 leis an meath talmhaíochta, suíomh imeallach agus leibhéil ísle rochtana ar sheirbhísí ar nós soláthar na rochtana idirlín. Caithfear aghaidh a thabhairt na saincheisteanna sin i gClachan 4 de réir mar a leanann an ráta meatha san fhostaíocht talmhaíochta ar aghaidh, go háirithe laistigh de chomhthéacs a rátaí ísle um fhás daonra. Feidhmíonn an clachan go pointe áirithe mar chríoch trasdula idir na dúichí a fheiceann fás mear eacnamúil agus daonra i gClachan 2 agus na ceantair chuibheasach gannfhorbartha atá laistigh de Chlachan 5. Inseoidh forbairt an chontae amach anseo an éireoidh an clachan níos cosúla leis na ceantair thuaithe tearcfhorbartha ó thuaidh agus siar, nó leis na criosanna comaitéireachta a bhfuil fás mear fúthu ó dheas agus soir.

Caithfear na héagsúlachtaí idir na codanna éagsúla den chontae, agus na fórsaí athrú atá faoina mbun, a léiriú i straitéisí forbartha na todhchaí.

7.4.3 Grúpaí le Riachtanais Phleanála / Dearaidh Sainiúla

Tá roinnt grúpaí ann a mheastar go bhfuil riachtanais phleanála agus dearaidh sainiúla acu. Áirítear leo sin leanaí / daoine óga, daoine le míchumas nó tinneas, teaghlaigh óga aontuismitheora, daoine scothaosta, an lucht siúil agus daoine ó mhionlaigh eitneacha.

POLASAÍ STRAITÉISEACH

PS STRAIT SÓIS 1

Aitheantas a thabhairt don ghá go mbeadh timpeallacht chónaitheach mheasartha mhaith sa Chontae ag daoine le riachtanais speisialta acu, agus chun tacú leis na pobail áitiúla, na húdaráis sláinte agus comhlachtaí eile atá páirteach i soláthar áiseanna do dhaoine le riachtanais speisialta acu.

7.4.4 Daoine Óga agus Leanaí

Tugadh le fios sa Daonáireamh 2002 go raibh tuairim 39% de dhaoine na Mí faoi bhun aois 25 bliain i gcomparáid le 37.5% sa Stát trí chéile. Tá tionchar ag na fachtóirí sin ar na héilimh, i láthair na huairé agus sa todhchaí araon, i gcomhair áiseanna ar nós cúraim leanaí, ionad súgartha do leanaí, áiseanna spórt, bealaí coisíochta agus rothaíochta scoile sábháilte agus gníomhaíochtaí / áiseanna do dhéagóirí ar nós caiféanna agus cumann óige.



7.4.5 Máithreacha / Cúramóirí Leanaí

Ciallaíonn ról na mban mar chúramóirí sa tsaothar gur dóichí go dtiocfaid siad i gcoinne bacainní fisiciúla don rochtain agus gluaiseacht, m.sh. le leanaí óga sna bugaithe. Rochtain chothrom ar fhoirgnimh, colbhaí miasacha, áiseanna páirceála tuismitheora agus linbh agus áiseanna friothála

agus beathaithe leanaí, is breithniúcháin tábhachtacha iad don ghrúpáil seo. Is bunriachtanas freisin iad an rochtain ar sheirbhísí ar nós cúraim leanaí, áiseanna pobail agus iompair phoiblí. Is amhlaidh freisin nach dóichí a fhreastalóidh mná ar thimpeallachtaí a cheaptar bheith contúirteach, m.sh. lánaí neamhlasta nó spásanna oscailte le maoirsiú neamhfhoirmiúil orthu. Is réamhriachtanas é an dea-dhearadh chun timpeallacht níos inrochtana a chruthú, ar timpeallacht í a chuireann chun cinn an tsábháilteacht phearsanta.

7.4.6 Daoine Scothaosta

Áiríear daoine ag aois 65 bliain agus os a cionn agus a chónaíonn ina n-aonar mar chion cuibheasach níos ísle de dhaoine na Mí le hais an Stáit, amhail an ghrúpa ag aois 75 bliain agus os a cionn agus a chónaíonn ina n-aonar leis. Bhí 67.4% díobh siúd ag aois 65 bliain agus os a cionn agus a chónaíonn ina n-aonar inar mná. Tá an chuid is mó de na toghcheantair le céatadáin chuibheasacha arda ag aois 65 bliain agus os a cionn iontu sa tuaisceart agus san iardheisceart ar leic theorainneacha an Chabháin, Mhuineacháin agus na hIarmhí, cé go bhfuil clachan beag le fáil i bhforimeall an iardheiscirt. Caitheann gach pobal áitiúil pleanáil chun réimse tacaíochtaí agus seirbhísí a sholáthar le cur ar chumas a dhaoine scothaosta chun an leibhéal optamach sláinte, dínite agus neamhspleáchais a chothabháil. Is ag Comhairle Contae na Mí, mar an tÚdarás Pleanála, atá freagracht as rialáil fhorbairt agus úsáid an talaimh chun leasa an phobail d'fhonn na riachtanais fhorbartha a shásamh, cé nach bhfuil freagracht dhíreach aici as soláthar na seirbhísí sin. Is fachtóir tábhachtach atá i dtionscnamh an iompair thuaithe don ghrúpa seo chun inrochtaineacht ar sheirbhísí sláinte, siopaí agus ionaid sóisialta a chinntiú. Baineann riachtanas freisin leis an dea-dhearadh chun timpeallacht shábháilte agus shaor ó bhacainní a chruthú, ar timpeallacht shrochtana agus shobhainistithe í do dhaoine scothaosta.

7.4.7 Daoine le Míchumas

Rangaíodh 8,989 duine cónaitheach sa Mhí thiar sa bhliain 2002 le míchumas acu ag teacht go 6.7% den daonra. Bhí an tromlach (40.5%) os cionn 65 bliain d'aois, agus 6.8% faoi bhun 15 bliana d'aois. Taispeánann leithdháileadh na ndaoine le míchumas forleithní arda sa tuaisceart agus i gcodanna den iardheisceart freisin.

Tá bacainní fisiciúla do rochtain agus gluaiseacht os coinne daoine le míchumas. Tá sé tábhachtach do dhaoine le laigí soghluaisteachta go gcinntítear an rochtain chothrom / rampáilte ar fhoirgnimh, colbhaí miasacha agus soláthar na páirceála cuí agus na háiseanna leithreas. Teastaíonn pábháil tadhaill agus comharthaí inchloiste ag trasrianta coisithe ó dhaoine le laigí amhairc acu.

Is í aidhm Fhorógra Barcelona spreagadh a thabhairt don rialtas áitiúil foráil do chuimsiú na ndaoine i measc an phobail le míchumas acu. Is ann san Forógra atá bearta comhaontaithe a dhéanfaidh na hÚdaráis Áitiúla agus iad ag lorg dearaidh saor ó bhac i ngach aon timpeallacht.

Caitheann na riachtanais rochtana do dhaoine le míchumas a chuimsiú le dearadh na siopaí agus gach foirgneamh, spás poiblí, saoráid agus seirbhís eile ar dócha go mbainfidh an pobal i gcoitinne leas astu. Comhallfaidh gach foirgneamh úr leis na Rialacháin Foirgníochta agus na treoirlínte Tógáil do Chách arna bhfoilsíú ag an Údarás Náisiúnta Míchumais. Táthar tar éis Coiste Rochtana na Mí a athbhunú ina leith sin, ag cloí le moladh an Choiste Shóisialta, Pobail & Polasáí Straitéisigh Chultúrtha de chuid Comhairle Contae na Mí.

Tá Comhairle Contae na Mí tiomanta chun tacú leis an Straitéis Náisiúnta Míchumais. Déanfar gach iarracht chun a chinntiú go dtabharfar breithniú don rochtain agus éilimh eile do dhaoine míchumaisaithe i ngach gné den phleanáil agus cur chun feidhm de réir an Phlean Forbartha Contae. Geallann Comhairle Contae na Mí go gcinnteoidh sí nach gcruthófar bacainní do dhaoine

míchumasaithe le haon bheart faoin bplean seo, agus do ndéanfar gach iarracht réasúnach na bacainní sin a bhaint mar ar luigh an fhreagracht as cruthú na mbacainní sin ar an gComhairle féin. Tá Comhairle Contae na Mí tiomanta do chur chun cinn agus leanúint den dea-chleachtas i ndáil leis an dearadh do chách laistigh de gach limistéar freagrachta de chuid Chomhairle Contae na Mí. Tá an Chomhairle tiomanta do phrionsabal an Chúraim sa Phobal. Is éard a chiallaíonn sé sin do dhaoine atá in ann cónaí ina mbaile le tacaíocht iomchuí nó i gcóiríocht athchóirithe go dtabharfar spreagadh dóibh bheith ina gcónaí ina bpobalsan de réir mar is féidir. Tabharfaidh an Chomhairle spreagadh do sholáthar na n-ionad cúraim lae in áiteanna lárnacha ar nós bailte, sráidbhailte agus ionad comharsanachta ar sorochtana iad do choisithe agus do chineálacha iompair phoiblí agus príobháideacha.

Tá an Chomhairle tiomanta freisin do sholáthar na scéimeanna scáth-thithíochta a ligeann do chónaitheoirí leanúint ar aghaidh de bheith ina gcónaí le dínit agus chomh neamhspleách agus is féidir, agus a sholáthraíonn an tslándáil, an cúram agus na seirbhísí tacaíochta riachtanacha. Ba cheart go lonnófaí na haonaid scáth-thithíochta sna ceantair thógtha gar do shiopaí agus áiseanna pobail eile a theastaíonn ó na háititheoirí, agus ba cheart go mbeidís sorochtana do chuiditheoirí, foireann agus trácht seirbhísithe.

7.4.8 An Lucht Siúil

Is grúpa é an Lucht Siúil a bhraith go traidisiúnta go raibh siad eisiata ó go leor gné den tsochaí. Taispeánadh i nDaonáireamh an Lucht Siúil (2004) go raibh 185 teaghlach den Lucht Siúil sa Mhí. Bhí 129 de na teaghlaigh sin ina gcónaí i dtithe, lena n-áirítear 69 i ngnátheastáit Údaráis Áitiúil agus 41 i nGrúpscéimeanna Tithíochta don Lucht Siúil san Uaimh agus i mBaile Átha Troim. Bhí 42 teaghlach eile ag cur fúthu ar láithreáin stad. Tá príomh-chomhchruinnithe na dteaghlach den Lucht Siúil timpeall na hUaimhe agus Bhaile Átha Troim, le roinnt teaghlach i Ráth Tó, Baile an Bheileogaigh, Dún Seachlainn, Dún Búinne agus Ceanannas.

Ghlac an Chomhairle Contae leis an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil don tréimhse 2005-2008 thiar i mí Feabhra na bliana 2005, agus is ann a dhéantar foráil do sheachadadh 55 aonad tithíochta. Tugann an Clár Cóiríochta an Lucht Siúil aghaidh ar riachtanais chóiríochta ar leithligh de chuid an Lucht Siúil.

Is eagrais forbartha pobail deonach é Navan Traveller Workshops Ltd. a oibríonn mar chomhpháirtíocht idir an Lucht Siúil agus an pobal socráithe a oibríonn le cúinsí sóisialta agus eacnamúla an Lucht Siúil i gCo. na Mí a fheabhsú. Soláthraíonn sé roinnt seirbhísí cúraim leanaí agus clár tacaíochta fostaíochta. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag comhoibriú le Navan Traveller Workshops Ltd. agus le grúpaí iomchuí eile le héilimh ar leith an Lucht Siúil a fhiosrú.

Tá próiseas ar bun faoi láthair glacadh le straitéis idirghníomhaireachta do sheachadadh na seirbhísí agus tacaíochtaí don Lucht Siúil agus tacófar sa Phlean Forbartha Contae le haon bheart nó croíchuspóir a thiocfaidh amach as an bpróiseas sin.

7.4.9 Mionlaigh Eitneacha

Is iad na dídeanaithe, na hiarratasóirí tearmainn agus na himircigh eacnamúla an grúpa cónaitheoirí is déanaí sa chontae atá leochaileach do chineálacha éagsúla eisiata, agus go leor náisúntacht ina gcónaí i gCo. na Mí anois. Eascaíonn deacrachtaí nach beag maidir le cóiríocht, oideachas agus easpa deise chun bheith rannpháirteach sa lucht saothair as éiginnteachtaí i ndáil leis na hiarratais tearmainn dóibh siúd atá ag lorg stádais mar dhídeanaí. Tá go leor imirceach eacnamúil ann freisin a fheiceann deacrachtaí freisin i dtaca leis an tithíocht, tionacht na fostaíochta agus an comhtháthú sóisialta. Teastóidh íogaireacht chultúrtha agus pleanáil ar bun i leith na bpobal sin.

7.4.10 Rannpháirtíocht an Phobail

D'fheidhmigh an earnáil pobail agus dheonach ról nach beag i sochaí na hÉireann riamh anall. Tugadh aitheantas do luach an ról le blianta beaga anuas, chonacthas an iomaí tionscnamh forbartha pobail á mbunú le hinfhaighteacht an chisithe agus na tacaíochta, idir chlár LEADAR tras-Eorpacha agus tionscnaimh bhainistíochta eastáit arna gcistiú ag údaráis áitiúla.

Tá an earnáil pobail agus dheonach dea-bhunaithe i gCo na Mí, le níos mó ná 800 grúpa a ghlacann háirt sna Fóraim Phobail atá éascaithe ag an Oifig Pobail & Fiontair, bainteach le réimse limistéar, lena n-áirítear sláinte, comhshaol, oideachas, spórt agus áineas, ealaíona, ceol, forbairt pobail agus cumainn na n-áitritheoirí.

Tá Comhairle Contae na Mí tiomanta do chur chun cinn na rannpháirtíochta poiblí áitiúla i leith gach saincheist a théann i bhfeidhm ar a gceantarsan. Aithníonn sí gur ríthábhachtach í rannpháirtíocht ghníomhach an phobail chun pobal cumhachtaithe a thógáil. Tá an tÚdarás Áitiúil tiomanta do chruthú na gcomhpháirtíochtaí le grúpaí pobail áitiúla agus leis na gníomhaireachtaí ábhartha mar bhunús d'fhoirmlíú na bPleananna Ceantair Áitiúil nó na bPleananna Creatlaí, a léiríonn fíor-riachtanais an phobail. Tá Comhairle Contae na Mí tugtha go huile is go hiomlán do chothabháil na ndeachaireamh oibre le grúpaí agus eagrais deonacha laistigh den chontae, agus don tacú le hiarrachtaí pobal chun áiseanna agus taitneamhachtaí ina limistéir áitiúla a sholáthar agus a fheabhsú.

Oibríonn Comhairle Contae na Mí Tionscnamh bliantúil "Mórtas Áite", arb í a haidhm obair i gcomhpháirt le pobail chun an cleachtas is fearr, nuálaíocht agus ceannaireacht a spreagadh chun pobail inbhuanaithe bríomhara a sholáthar, ar pobail iad a fheabhsaíonn cáilíocht na beatha do chách trí fheabhsuithe comhshaoil do bhailte agus sráidbhailte.

7.4.11 Ceantair faoi Mhíbhuntáiste

Taispeántar san anailís a rinne NIRSA ar Dhaonáireamh 2002 go bhfuil comparáid fhabhrach ann idir an Mhí agus fuílleach an stáit i ndáil le sraith táscairí sóisialta éagsúla. Bíonn an claonadh ann leibhéil díothachta agus bochtaineachta a bheith níos airde i dtuaisceart agus iarthar an chontae, chomh maith le lár bhailte na hUaimhe, Bhaile Átha Troim agus Cheannannais, cé go bhfuil ceantair dhíothachta i ngach cuid den Mhí.

7.4.12 Clár RAPID agus CLÁR


Tagann Infheistíocht Clár RAPID (Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infhesitíocht agus Forbairt) faoi réir cúraim an Phlean Forbartha Náisiúnta. Seoladh clár RAPID san Uaimh thiar i mí Lúnasa 2002 leis an aidhm chun an rannpháirtíocht pobail, comhtháthú seirbhíse agus infheistiú in eastáit RAPID na hUaimhe a chur chun cinn. Is í Foireann Forfheidhmiúcháin Cheantair RAPID na hUaimhe a éascaíonn don obair agus a dhéanann monatóireacht uirthi. Foilsíodh Plean Ceantair RAPID na hUaimhe thiar sa bhliain 2003.

Is í Foireann Forfheidhmiúcháin Cheantair a oibríonn an clár go háitiúil, arna héascú ag comhordaitheoir áitiúil agus lena mbaineann réimse éagsúil rannpháirtithe (ionadaithe ó ghníomhaireachtaí stáit, ó chomhpháirtithe áitiúla, ón bpobal, ón gcomhairle contae agus ón gcomhairle baile) ag obair i bpáirt a chéile le beatha na ndaoine áitiúla a fheabhsú, chomh maith le comhordú acmhainní i gceantar éigin a sholáthar.

Is clár infheistíochta é CLÁR (Ceantair Laga Árd-Riachtanais) do cheantair thuaithe faoi míbhuntáiste agus is í an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a mhaoirsionn é. Bhí Cill Eiche mar an t-aon TC i gCo. na Mí, atá suite in iarthuaisceart na Mí in aice leis an larmhí agus Cabhán, a raibh baint aige leis an mbunchlár CLÁR. Roghnaíodh an TC seo toisc gur fhulaing sé le laghdú daonra idir na blianta 1926 agus 2002. Táthar tar éis roinnt TC bhreise a chur le Clár CLÁR, mar a thaispeántar ar Fhigiúr 5 lastall.

Soláthraíonn CLÁR cistiú agus cóimhaoiniú do Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit agus Údaráis Áitiúla chun luathú na hinfheistíochta i bhforbairtí tosaíochta roghnaithe. Tacaíonn na bearta sin le bonneagar fisiciúil, eacnamúil agus sóisialta trasna éagsúlacht beart, m.sh. bóithre, uisce & séarachas, feabhsú, tionscnaimh phobail agus spóirt, leictreachas, sláinte agus teileachumarsáid. Freagraíonn na bearta do na tosaíochtaí a d'aithin na pobail sna ceantair roghnaithe tar éis comhairliúcháin leis an Roinn féin.

Figiúr 5: CLÁR Ceantair Laga Árd-Riachtanais i gCo. na Mí



POLASAITHE

POL SÓIS 7	Sochaí níos cuimsithí a chur chun cinn trí bheith feasach den eisiámh sóisialta, bochtaineacht agus díothacht agus leo siúd atá faoi mhíbhuntáiste agus atá ar an imeall i ndáil leis an gcinnteoireacht a áireamh léi.
POL SÓIS 8	Pobail níos cuimsithí agus níos comhtháite a chur chun cinn tríd an gcóras pleanála.
POL SÓIS 9	Leanúint ar aghaidh ag comhoibriú leis na comhlachtaí reachtúla, go háirithe an Bord Forbartha Contae, agus gníomhaireachtaí eile lena n-áirítear an earnáil dheonach, grúpaí áitritheoirí, gnó agus comhshaoil chun comhrac i gcoinne an mhíbhuntáiste agus an eisiata shóisialta, le feabhsuithe i gcáilíocht na beatha a shlánú agus comhionannas rochtana don phobal agus seirbhísí sóisialta do gach duine sa phobal a chur chun cinn.

POL SÓIS 10	An neamhthuilleamaíocht áitiúil a chur chun cinn, lena n-áirítear rannpháirtíocht phoiblí chun próiseas Clár Áitiúil 21 a fhorbairt agus chun soláthar an phobail agus áiseanna iomchuí áineasa a spreagadh trí mheán an fhiontair áitiúil.
POL SÓIS 11	Leanúint ar aghaidh ag tacú le coincheap an tseachadta seirbhíse chomhtháite le gníomhaireachtaí stáit eile arna chur chun cinn ag Bord Forbartha Chontae na Mí.
POL SÓIS 12	Leanúint ar aghaidh chun tacú le Bord Forbartha Chontae na Mí um fhorfheidhmiú na Straitéise Comhtháite 'Le Chéile' don Fhorbairt Shóisialta, Eacnamúil agus Chultúrtha.
POL SÓIS 13	Coinneáil na seirbhísí dá bhfuil ann a chur chun cinn, go háirithe sna ceantair faoi mhíbhuntáiste, agus soláthar áiseanna comharsanachta a lorg ar chomhreathach iad leis an bhforbairt úr.
POL SÓIS 14	Athnuachan na gceantar faoi mhíbhuntáiste a spreagadh agus a chur chun cinn, le tagairt faoi leith don phrionsabal infheistíocht a dhíriú ar cheantair faoi mhíbhuntáiste trí chur i bhfeidhm na dtiomantas mar a imlínítear sa chlár RAPID don Uaimh, an clár CLAR do Thoghcheantair iarthuaisceart na Mí, agus úsáid Scéim na Comhairle do Ranníocaíochtaí Forbartha le bheith mar bhunús d'fheabhsú na háiseanna pobail agus áineasa dá bhfuil ann agus do mhaoiniú na háiseanna úra sna ceantair faoi mhíbhuntáiste. An Clár Cuimsitheachta Sóisialta Forbartha Áitiúla ar fud an Chontae agus an Plean Forbartha Tuaithe Náisiúnta 2007-2013 a chur chun cinn ina leith sin freisin, a sheachadtar araon trí Chomhpháirtíocht na Mí.
POL SÓIS 15	Rannpháirtíocht agus cumhachtú do chách a chur chun cinn trí chur chuige cuimsitheach do sholáthar na seirbhíse de réir na Reachtáíochta Comhionannais agus Fhorógra Barcelona na bliana 1995 agus na Straitéise Náisiúnta Míchumais.
POL SÓIS 16	Comhionannas uilíoch na rochtana ar spásanna agus foirgnimh phoiblí a chur chun cinn tríd an dea-dhearadh, ag dul i dtreo comhshaoil shábháilte ar saor ó bhacainn é.
POL SÓIS 17	Forálacha Straitéis Tithíochta na Comhairle a chur chun feidhme, lena n-áirítear an ceangaltas don Chóiríocht don Lucht Siúil agus an Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne.

CUSPÓIRÍ

CUS SÓIS 1	Próifílí bochtaineachta a chruthú de cheantair eile seachas iad siú a bhaineann tairbhe as na cláir RAPID & CLÁR ina bhfuil líon mór daoine faoi mhíbhuntáiste agus modhanna a mholadh don athghiniúint uirbeach ar scála beag trína bhféadfaí infheistíocht agus forbairt a mhealladh, as a dtiocfadh deiseanna fostaíochta.
CUS SÓIS 2	Dul i mbun meicníochtaí comhairliúcháin agus rannpháirtíochta pobail a fhorbairt agus a chur chun cinn um ullmhú na bpleananna úsáide talaimh reachtúla agus neamhreachtúla agus staidéar eile a aithníodh sa Phlean Forbartha Contae.

CUS SÓIS 3	Chun cuidiú le soláthar na n-ionad pobail agus acmhainne agus na gclubanna / gcaiféanna óige agus áiseanna eile do dhaoine níos óige trí aithint agus cur in áirithe na suíomh a lonnaitear go hoiriúnach, lena n-áirítear suímh laistigh de chúlsoláthairtítalaimh na nÚdarás Áitiúil, trí chúnamh le soláthar an airgeadais dá bhforbairt trí fhorálacha an tAcht um Pleanáil & Forbairt 2000, arna leasú, agus trí úsáid na bPleananna Gníomhaíochta Ceantair Áitiúil / na bPleananna Creatlaí lena chinntiú go bhforáiltear do na háiseanna sin de réir mar a mheasann an Chomhairle bheith iomchuí, i gcomhairle leis na leaspháirtithe áitiúla ábhartha.
CUS SÓIS 4	Forfheidhmiú Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil de chuid na Comhairle do na blianta 2005 - 2008 a shlánú.
CUS SÓIS 5	Clár leasaithe Cóiríochta don Lucht Siúil a ullmhú agus a chur chun feidhme sa bhliain 2008.
CUS SÓIS 6	Leanúint ar aghaidh ag forfheidhmiú agus ag forghníomhú na Rialachán Foirgníochta, 1997 - 2006 agus chun a chinntiú go sásaíonn na forbairtí ceangaltais na dtreoirlínte Building for Everyone, arna bhfoilsiú ag an Údarás Náisiúnta Míchumais, 2002.
CUS SÓIS 7	A chinntiú go n-áirítear gach togra forbartha ábhartha le rochtain agus áiseanna do dhaoine le riachtanais soghluaisteacha speisialta ar nós rochtana cothroime ar fhoirgnimh, colbhaí íslithe, spásanna páirceála iomchuí agus áiseanna leithris inrochtana.

7.5 ÁISEANNA OIDEACHAIS

Tá ról tábhachtach le feidhmiú ag na scoileanna go traidisiúnta chun pobail inbhuanaithe agus cothroma a fhorbairt agus spreagadh a thabhairt do theaghlaigh bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí laistigh den Chonate. Is ríbhunúsach iad na háiseanna scoile i dteannta le háiseanna pobail eile do leas pobail a bhfuil ag éirí leis agus cuidiú chun braistint phobail a chothabháil agus a chothú ag an leibhéal áitiúil agus ar fud an chontae araon. Tá ról luachmhar ag ionad oideachasúla chun lucht saothair oilte agus daonra foghlamtha a fhorbairt ar mhaithe le cothabháil na beogachta eacnamúla agus sóisialta sa chontae. Bhí tábhacht eacnamúil an oideachais lárnach do rath gheilleagar na hÉireann, agus thug sé sin spreagadh agus cothabháil leanúnach d'aschur méadaithe um chéimithe ardcháilíochta sa lucht saothair agus d'fhorbairt sochaí ardioncaim le deich mbliana anuas.

Leagadh an bhéim in *"Le Chéile – Straitéis Chomhtháite don Mhí síos go 2012"* arna hullmhú ag Bord Forbartha Chontae na Mí,

"go mbaineann tábhacht ríbhunúsach leis an oideachas agus an oiliúint chun lánchumas mhuintir na Mí a bhaint amach, arb í an acmhainn is tábhachtaí í".

Na hathruithe sna treochtaí déimeagrafacha a tharla le déanaí agus a bhfuiltear ag réamh-mheas go leanfaidh siad ar aghaidh le linn blianta tosaigh an Phlean Forbartha; tá iarmhairsí forleathana acu ar an Mí. Tagann na treochtaí sin mar thoradh díreach ar fhorlámhas an fháis de bharr an mhargaidh ó thaobh luais agus suímh de. Is géire toirt, luas agus nádúr an tobmhéadaithe daonra sin i gCo.

na Mí ná sa chuid is mó de na contaetha, fiú amháin nuair a dhéantar comparáid leis an gcuid is mó de na contaetha laistigh de Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath. Tá teacht isteach na náisiúnach agus na n-imirceach eachtrannach ó thíortha comharsanachta mar bhonn de chomhdhéanamh an fháis sin, go háirithe i mBaile Átha Cliath. Tugann réamh-mheasanna an CSO le fios go leanfaidh na patrúin reatha imirce ar aghaidh. Tá cohórt ard cleithiúnach / tuilleamaíoch ag Contae na Mí de bhar an fháis sa chéatadán díobh siúd san aoisghrúpa 0-14. Tá impleachtaí aige sin ó thaobh soláthar an bhonneagair shóisialta sa chontae, go háirithe maidir le háiseanna cúraim leanaí agus soláthar bunscoile. Chuir an fás daonra sin brú nach beag ar na háiseanna oideachais dá bhfuil ann chun freastal ar an daonra méadaithe.



D'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus an Coimisiún Eolaíochta um Chóiríocht Scoile tar éis "Plean Forbartha Limistéir don N4/M4 2004-2010" a fhoilsiú. Is é seo an chéad phlean forbartha limistéir dá leithéid a d'ullmhaigh an Roinn. Pléann sé le héilimh oideachasúla na conaire sin síos go dtí an bhliain 2010 agus áirítear leis na hionaid chathrach ar nós Mhaigh Dearmhaí, an Bhóthair Bhuí agus Chill Choca laistigh de Chontae na Mí. Táthar tar éis dréacht-Phlean Forbartha Limistéir d'Oirthear na Mí agus do Dheisceart Lú a ullmhú freisin. Fáiltíonn Comhairle Contae na Mí roimh chur chuige onghníomhach na Roinne. Is trí phróiseas an Phlean Ceantair Áitiúil a chinnteoidh an tÚdarás Pleanála go n-áirítear moltaí an Phlean Forbartha Limistéir Oideachais seo agus leaganacha iartheachacha dá éis mar chuspóirí áitiúla.

Ina theannta fónamh dóibh siúd laistigh den chohórt aois 0-14, ní foláir don Údarás Pleanála aitheantas a thabhairt don ghá agus tairbhí a bhaineann le soláthar na rochtana ar oideachas dá áitritheoirí go léir. Éireoidh an fhoghlaim ar feadh an tsaoil ina gné mhéadaitheach de shaol duine aonair. Beidh impleachtaí díreacha aige sin ar an úsáid agus na riachtanais a chuirtear ar áiseanna oideachais agus ar an riachtanas chun rochtain ar na háiseanna ag codanna den phobal atá faoi dhíothacht sóisialta a fhoilsiú.

Bhí tionchar agus éifeacht ag na fachtóirí sin ar chomhdhéanamh an oideachais agus na hoiliúna sa Chontae. Ní mór do Chontae na Mí dul in oiriúint agus athrú chun éilimh mhéadaitheacha dá daonra a shásamh más tá sí le bheith forásach ar bhonn leanúnach.

Imlíníodh i "Meath Strategy for Higher Education – A New Approach" (2002) deis branda oideachais speisialta a fhorbairt do Chontae na Mí bunaithe ar choincheap "Contae na Foghlama" - lena dtionscnófar cur chuige uathúil ag léiriú éitis agus córais luacha ardoideachais a bheadh mar idirdhealú idir an Mhí agus contaetha eile a tháirgeann cláir tríú leibhéal. Leagadh béim in "Iniúchadh Oideachais agus Oiliúna na Mí" (Nollaig 2005), arna ullmhú d'Fhóram Oideachais agus Oiliúna na Mí, ní hamháin ar an ngá an straitéis a chur i bhfeidhm, ach go bhforleathnófar a chuid cuspóirí le forbairt agus cur chun cinn na foghlama ar feadh an tsaoil á áireamh trasna gach earnáil den oideachas agus oiliúint.

7.5.1 Iniúchadh Oideachais agus Oiliúna na Mí 2005

Mara imlíníodh thuas, chuaigh Fóram Oideachais agus Oiliúna na Mí, ar fochoiste é de Bhord Forbartha Contae na Mí, i mbun Iniúchadh Oideachais agus Oiliúna ar Cho. na Mí mar fhreagra ar mholadh Straitéis Bhord Forbartha an Chonate - Le Chéile. Foilsíodh na torthaí i mí na Nollaig 2005. Moltar sa cháipéis féin go mbunaítear Fóram Oideachais an Chontae le Straitéis Contae chomhtháite a ullmhú don oideachas agus oiliúint, lena gcuimseofaí gach leibhéal idir réamhscoil agus an fhoghlaim agus oiliúint aosach. Tugtar thíos na príomhthorthaí maidir le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, an t-oideachas tríú leibhéal agus, oideachas aosach agus breise. Tugtar i Rannóg 7.6 na torthaí i ndáil leis an gcúram agus oideachas luathóige.

7.5.2 Earnálacha Bunscoile agus Iar-bhunscoile

Ó thaobh na hearnála bunoidreachais de, is ag an Mí atá an comhchruinniú is airde de bhunscoileanna agus an líon is airde daltaí bunscoile i réigiún oirthuaisceart na tíre. Tá go leor de na scoileanna níos lú suite i gceantair thuaithe i dtuaisceart agus iarthar an chontae. Ba é 17,432 líon iomlán na ndaltaí a d'fhreastail ar bhunscoileanna na Mí sa bhliain 2003 / 04, lena mbaineann 9,038 fireann agus 8,394 baineann.

Taifeadadh na torthaí seo a leanas i measc na 108 bunscoil sa chontae (2004 / 05):

- Tá 30% de na scoileanna sin suite in EA na hUaimhe, le 30% de dhaltaí bunleibhéil na Mí iontu;
- Tá 20% de na scoileanna sin suite in EA Bhaile Átha Troim, le 17% de dhaltaí bunleibhéil iontu;
- Tá 20% de na scoileanna sin suite in EA Dhún Seachlainn, le 28% de dhaltaí bunleibhéil iontu;
- Tá 9% de na scoileanna sin suite in EA Bhaile Shláine, le 11% de dhaltaí bunleibhéil iontu; agus
- Tá 21% de na scoileanna sin suite in EA Cheannais, le 14% de dhaltaí bunleibhéil iontu.

Bhí 17 iar-bhunscoil sa Mhí sa bhliain 2004 / 05, le 9,247 dalta iontu. Tháinig iar-bhunscoil nua i mbun feidhme sa Ráth Tó i Meán Fómhair na bliana 2005. Dhealrófaí nár áiríodh Scoil Gramadaí Dhroichead Átha nó Coláiste Bhaile Mhic Gormáin leis an suirbhé sin ag Fóram Oideachasúil agus Oiliúnta na Mí.

I measc na 17 iar-bhunscoil sa Mhí;

- D'fhreastail 34% de na daltaí ar scoileanna in EA Dhún Seachlainn;
- D'fhreastail 27% de na daltaí ar scoileanna in EA na hUaimhe;
- D'fhreastail 25% de na daltaí ar scoileanna in EA Cheannais, agus;
- D'fhreastail 14% de na daltaí ar scoileanna in EA Bhaile Átha Troim.

Tá athruithe nach beag tar éis tarlú sna bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna le deich mbliana anuas mar thoradh díreach ar thoirt, luas agus nádúr an fháis sa daonra freastail scoile. Chuaigh na bunscoileanna móra sna ceantair chathrach in oiriúint ní ba sciobthaí don athrú déimeagrafach sin ná na scoileanna ní ba lú agus ní ba thraidisiúnta atá suite sna ceantair thuaithe. An teip a bhraitear chun fónamh go leordhóthanach d'éilimh bhunscoile laistigh de na ceantair chónaitheacha mearfhorbartha sa Chontae; leagadh béim air sin mar bhuairt mhór. Baineann sé sin le soláthar riachtanach na scoileanna agus foirgneamh nua breise, ach freisin le forleathnú agus uasghrádú go leor de na scoileanna dá bhfuil sa chontae. Maítear san iniúchadh

"go gcaithfear aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna na córíochta scoile leordhóthanaí, na heaspa spáis agus fheabhsú na bhfoirgneamh, d'fhonn pacáiste oideachasúil den scoth a bhaint amach".

Áirítear leis na himpleachtaí a bhaineann le leanúint ar aghaidh na dtreochtaí sin cailliúint na limistéar súgartha do sheomraí ranga sealadacha, méadú sa chóimheas daltaí le múinteoir, deacrachtaí bonneagair ar nós tranglaim thráchtá agus breithniúcháin sláinte agus sábháilteachta.

7.5.3 Oideachas Tríú Leibhéal

Nochtadh san iniúchadh oideachais gur fhreastail 65% de na daltaí ón Mí atá rollta ar chúrsaí tríú leibhéal ar fhorais oideachasúla i mBaile Átha Cliath. Mínítear é sin tríd an dá chontae bheith i bhfogas a chéile agus an réimse leathan cúrsaí agus foras atá ar fáil i gCeantar Bhaile Átha Cliath. Bhain ceann de na saincheistean is forleithne a luann na geallsealbhóirí sna suirbhéanna a rinneadh leis an méid mac léinn a fhágann an contae le freastal ar an oideachas tríú leibhéal agus nach bhfillleann ar an gcontae tar éis dóibh a gcuid oideachais a chríochnú.

Gan aon Institiúid Tríú Leibhéal bunaithe i gCo. na Mí, ba cheart do ghníomhaireachtaí uile le háiseanna acu le haghaidh oiliúint agus foghlaim aosagh comhoibriú níos dlúithe agus teacht ar mhaoiniú náisiúnta agus idirnáisiúnta chun éagsúlacht de chúrsaí creidiúnaithe a sholáthar. Áiríonn easnaimh reatha an easpa de straitéis níos leithne le haghaidh cúrsaí Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna agus cúrsaí teistithe breise i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Tríú Leibhéal.

7.5.4 Oideachas Aosach & Breiseoideachas

Thángthas ar an gconclúid san iniúchadh go bhfuil bearnaí nach beag i limistéar an Oideachais Aosagh & Breise. In ainneoin na forbartha de chúrsaí teoranta le deimhniú tríú leibhéal acu, níl aon fhoráil de chuid Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna agus foráil neamhleor de chuid Chomhairle na nDámhachtainí Breiseoideachais agus Oiliúnta ann laistigh den chontae. Tá go leor aosach ag taisteal faoi láthair chuig Baile Átha Cliath, Droichead Átha, Dún Dealgan, Má Nuad agus Cabhán fiú amháin le rochtain a fháil ar na cúrsaí is bunúsaí.

Caithfear straitéis chomhordaithe a fhorbairt don Oideachas Aosach & Breiseoideachas leis an soláthar seirbhíse a mhéadú ar fud an chontae. Áirítear leis na bacainní lena sárú méadú a chur le hinfhaighteacht an tsoláthair chúraim leanaí, níos mó soláthair iompair do dhaoine le míchumais / leithlisiú tíreolaíochta, soláthar saoráide réamhghrúpa staidéir agus seirbhís treorach aosach shaintiomanta sa Chontae. Tá tionscal teoranta ardoiliúint / eolas-bhunaithe laistigh den Chontae, nach soláthraíonn ach beagán deiseanna d'fhostaithe / chéimithe cáilithe chun filleadh ar an obair sa Chontae. Táthar ag tabhairt aghaidhe air sin i láthair na huaire trí bhearta a aithníodh sa Straitéis Forbartha Eacnamúil de chuid an phlean seo. Ba cheart go leanfaí ar aghaidh le forbairt na nasc foirmiúlaithe leis an bhfiontar agus tionscal trí chlár shocrúcháin chéimithe agus tríd an infheistíocht sa taighde, agus go dtabharfaí tuilleadh spreagtha dóibh.

7.5.5 Ról an Údaráis Phleanála

Níl aon fhreagracht dhíreach ag an Údarás Pleanála as soláthar an oideachais. Baineann cinntí um riachtanais na todhchaí do shaoráidí oideachasúla go príomha leis na húdaráis oideachasúla iad féin. Is é príomhról an Údaráis Phleanála dóthain tailte a chur in áirithe laistigh de na láithreacha lonnaithe aitheanta chun éilimh dhóchúlaithe na todhchaí maidir le háiseanna pobail, lena n-áirítear an t-oideachas, a shásamh. Moltar sna RPGanna:

"ba chóir go bpleanálfai agus go bhforfheidhmeofai soláthar na háiseanna oideachais bhunscoile agus iar-bhunscoile in éineacht le pleanáil agus forbairt na gceantar cónaitheach d'fhonn na deiseanna a uasmhéadú d'úsáid an tsiúil, na rothaíochta agus úsáid an iompair phoiblí."

Chonacthas forbairt chónaitheach nach beag sna hionaid uirbeacha ar fud an chontae, gan na háiseanna oideachais chéad leibhéal agus dara leibhéal a bheith i dteannta léi. Tá sé seo tar éis brú suntasach a leagadh ar na háiseanna eiseacha sna ceantair sin. Ba chóir go bpleanálfai agus go bhforfheidhmeofai an soláthar amach anseo in éineacht leis an bhforbairt chónaitheach, go háirithe sa chás ina ndéantar é seo i gcomhthéacs na bPleananna Ceantair Áitiúil agus na bPleananna Creatlaí.

Ba cheart go lonnófaí an soláthar sin, más féidir, sna cásanna ina bhfuiltear ag pleanáil an soláthar sin, le húsáid a bhaint as frithshreabha ar an líonra iompair phoiblí, le húsáid an tsiúil, na rothaíochta agus an iompair phoiblí a uasmhéadú agus / nó leis an togra 'ionaid fhorbartha' bheith laistigh den Chontae a threisiú.

Cuireadh dóthain talaimh in áirithe i bPlean Forbartha Contae 2001 - 2007 do shaoráidí oideachasúla ar fud gach aon cheann de na hionaid chathrach ar táirgeadh ráitis scríofa agus cuspóirí mionsonraithe ina leith. Fadhb amháin atá ag teacht aníos do shaoráidí oideachasúla agus pobail, mar a imlíníodh i réamhrá na rannóige seo den Phlean Forbartha, is ea nach dtugann cur in áirithe na suíomh sin leis an gcóras iomhchuí ráthaíocht é féin do sholáthar tráthúil de shaoráid pobail riachtanach éigin. Leanfaidh an tÚdarás Pleanála ar aghaidh ag dul i gcomhthadhaill agus ag tabhairt comhairle don Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus le Coiste Gairmoideachais na Mí i leith na réamh-mheastacháin daonra dóchúla do na hionaid a n-ullmhófar na Pleananna Ceantair Áitiúil ina leith. Rachaidh an tÚdarás Pleanála i gcomhthadhaill freisin le soláthróirí an oideachais, idir oideachas sainchreideamhach agus neamh-shainchreideamhach chun cúnamh de réir mar is féidir le forbairt na n-ionad oideachais leordhóthanach.

Ba cheart go lonnófaí na scoileanna nua, de réir mar a mbíonn siad ag teastail, gar do na príomhcheantair chónaitheacha den bhaile nó laistigh díobh ionas gur féidir leis an oiread leanaí / daltaí agus is féidir siúl nó rothaíocht chuig an scoil. Ba cheart go dtapófaí an deis na scoileanna a shuíomh ionad go gcuireann siad go nádúrtha le forbairt na braistinte pobail sna comharsanachtaí úra. Ba cheart go mbeadh líonra cosán agus rianta rothar sábháilte bheith ann do na scoileanna sin de réir mar is féidir.

7.5.6 Dé-Úsáid na bhFoirgneamh Scoile

Tá áitreabh scoile agus oideachasúil eile mar acmhainn luachmhar ó thaobh talaimh agus foirgneamh de, nach n-úsáidtear ach ar bhonn páirteach amháin. Féadann dé-úsáid na n-áiseanna oideachais, sa chás nach dtagann sí salach ar sheachadadh na seirbhíse oideachais (i. lasmuigh d'uaireanta scoile agus le linn laethanta saoire scoile) ranníocaíocht ar chomhlíonadh riachtanais níos leithne an phobail, trí chuidiú le sásamh an éilimh ar éagsúlacht gníomhaíochtaí. Moltar i dTreoirínte an RCORÁ um Shaoráidí Cúraim Leanaí go mbaintear leas as áitreabh scoile chun fónamh don chúram iarscoile agus tugtar spreagadh d'údarás scoile imscrúdú conas is féidir leo cuidiú chun aghaidh a thabhairt ar an éileamh sin.

Cuirfidh an Chomhairle chun cinn na n-úsáidí mar ar féidir an pobal leas tairbheach a bhaint as tailte agus foirgnimh, faoi réir acmhainní bheith ar fáil. Lorgófar deiseanna sna cásanna ina dtograítear scoileanna nua agus, go deimhin féin, ina dtograítear áiseanna pobail eile, lena chinntiú go ndeartar iad ar bhealach éigin le go n-éascófaí dá ndé-úsáid ón tús.

POLASAITHE

POL SÓIS 18	Forbairt áiseanna oideachais bunscolaíochta, iar-bhunscolaíochta, tríú leibhéal, for-rochtana, riachtanas speisialta, taighde, aosacha a éascú chun riachtanais an chontae a shásamh.
POL SÓIS 19	A chinntiú go soláthraítear áiseanna oideachais bhunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta in éineacht le pleanáil agus forbairt na gceantar cónaitheach d'fhonn na deiseanna don siúl, rothaíochta agus úsáid an iompair phoiblí a uasmhéadú.

POL SÓIS 20	A chinntiú go gciosaítear dóthain tailte agus go gcuirtear in áirithe iad do bhunú, feabhsú nó forleathnú na n-áiseanna oideachais bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta laistigh den Chontae. Tacaíonn an Chomhairle le coincheap na n-áiseanna oideachais ilchampaís.
POL SÓIS 21	Comhoibriú leis an mBord Forbartha Contae um ullmhú straitéise contae comhtháite don oideachas agus do sholáthar na hoiliúna.
POL SÓIS 22	Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do dheiseanna chun scoileanna nua agus reatha a oscailt amach d'úsáid pobail níos leithne, agus na deiseanna sin a fhorbairt leis.

CUSPÓIRÍ

CUS SÓIS 8	Éascú don Roinn Oideachais & Eolaíochta um sholáthar éigeantach na n-áiseanna oideachais bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta ar fud an Chontae trí thailte a chur in áirithe i gcomhair na n-úsáidí sin sna Pleananna Ceantair Áitiúil faoi seach.
CUS SÓIS 9	Éascú d'fhorbairt na n-áiseanna oideachais iar-bhunscolaíochta agus Iar-Ardteistiméireachta sa Chontae trí dhóthain tailte a chur in áirithe sa Phlean Ceantair Áitiúil ábhartha do bhunú áiseanna riachtanacha i bPurláin Dhún Búinne, Chluain Aodha, Mhaigh Dearmhaí, An Bóthar Buí & Dhroichead Átha.

7.6 ÁISEANNA CÚRAIM LEANAÍ

Áithnítear soláthar na n-áiseanna cúraim leanaí mar eochairchuid den bhonneagar sóisialta a theastaíonn chun daoine a chumasú le rannpháirtíocht irochtain a fháil ar líonraí fostaíochta, oideachais agus sóisialta. Agus athruithe doimhne déimeagrafacha agus sóisialta ag tarlú i gCo. na Mí, tá an cúram leanaí ina shaincheist fhorleathan do go leor teaghlach.

Mar a imlíníodh sa réamhrá a ghabhann leis an rannóg seo, caithfidh cuspóirí a bhaineann le soláthar, nó le héascú do sholáthar, na seirbhísí don phobal a bheith sa Phlean Forbartha, lena n-áirítear naíolanna agus áiseanna cúraim leanaí. Féachann poilsaí an Rialtais le líon na n-ionad agus na háiseanna cúraim leanaí atá ar fáil a mhéadú, agus le cáilíocht na seirbhísí cúraim leanaí don phobal a fheabhsú. Chun cuidiú leis na hÚdaráis Phleanála chun na críche sin ab amhlaidh a tháirg an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht & Rialtais Áitiúil "Áiseanna Cúraim Leanaí - Treoirlínte do na hÚdaráis Phleanála" (2001) ina leagtar amach treoir i leith na bpolasaithe agus na gcuspóirí le bheith curtha san áireamh sna pleananna forbartha.

Aithnítear in "Áiseanna Cúraim Leanaí - Treoirlínte do na hÚdarás Phleanála" suímh iomchuí d'áiseanna cúraim leanaí, lena n-áirítear i bhfoisceacht chomhchruinnithe ionad oibre, scoileanna, lár comharsanachtaí, dúiche agus baile agus in aice le conairí iompair phoiblí, áiseanna saorpháirceála agus taistil, bealaí coisithe agus rianta rothar saintiomanta. Sainmhínítear an cúram leanaí sna treoirlínte mar "shaoráidí agus seirbhísí iomlána cúraim lae agus seisiúnacha do leanaí réamhscoile agus freastail scoile lasmuigh d'uaireanta scoile". Áirítear leis seirbhísí lena mbaineann deiseanna cúraim, oideachais agus sóisialaithe do leanaí. Áirítear seirbhísí ar nós réamhscoileanna, seirbhísí cúraim lae, naíolanna, grúpaí súgartha agus grúpaí iarscoile leis an gcatagóir sin dá réir.

Táthar tar éis Coistí Cúraim Leanaí Contae a fhorbairt leis an gcúram leanaí a bhrú ar aghaidh ag leibhéal áitiúil. Is iad ról agus feidhm na gcoistí plean straitéiseach sé bliana a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a thacóidh le forbairt na seirbhísí reatha agus úra. Tá Coiste Cúraim Leanaí Chontae na Mí (C.C.L.C.M.) tar éis a straitéis “Plean Cúraim Leanaí Chontae na Mí 2002 - 2006” a fhorbairt lena chinntiú go mbeadh soláthar cothrom ann trasna réimse na n-áiseanna cúraim leanaí inrochtana, inacmhainne agus den scoth ar fud an chontae, a chuideoidh le forbairt foriomlán de riachtanais na leanaí, idir aoiseanna 0 - 14 bliain. Pléann an Plean Cúraim Leanaí le háiseanna príobháideacha arna bhfeidhmiú ag an úinéir agus seirbhísí cúraim leanaí pobail a reáchtáiltear ar bhunús neamhbhrabúsach agus arb é coiste deonach tuismitheoirí agus daoine ón bpobal áitiúil a bhainistíonn é. Chonacthas díreach os cionn €9 milliún á infheistiú i gCo. na Mí le forfheidhmiú an phlean seo. Chonacthas ní ba mhó ná dubailt i líon na n-áiseanna cúraim leanaí ón mbliain 1999 i leith mar thoradh ar an infheistíocht sin arna soláthar an Clár Cúraim Leanaí Comhionannais Deiseanna (CCLCD). D’eascair cruthú 981 ionad breise cúraim leanaí ar fud an Chontae as sin. Tháinig an CCLCD chun deiridh i mí na Nollag 2006 agus an Clár Infheistíochta Cúraim Leanaí Náisiúnta (CICLN) ag teacht ina ionad sin síos go dtí an bhliain 2010. Is í aidhm an CICLN tacú le teaghlaigh chun timthriall na bochtaineachta agus an mhíbhuntáiste a bhriseadh agus chun tacú le cur chuige comordaithe do sheachadadh an chúraim leanaí, láraithe ar éilimh na leanaí féin.

Fuarthas amach sa taighde a rinne an C.C.L.C.M. go déanach sa bhliain 2004 go bhfuil roinnt bacainní ann atá ag cur coisc ar dhaoine ón gcúram leanaí is inmhianaithe a fháil. Ba í an bhacainn ba mhinice a luadh í infhaighteacht iarbhair an tsoláthair, eadhon nach dtairgtear an soláthar a bhfuiltear á lorg sa cheantar áitiúil. Measadh an costas bheith ina bhac mór do rochtain a fháil ar chúram leanaí, fiú amháin dá mbeadh sé ar fáil laistigh den cheantar áitiúil. Níor mheas an chuid ba mhó tuismitheoirí a ndearnadh suirbhé orthu gur bhacainn shuntasach a bhí san iompar agus suíomh an tsoláthair. Tháinig an suirbhé ar an gconclúid go bhfuil tuismitheoirí sa Mhí toilteanach taisteal chun rochtain a fháil ar chúram leanaí inacmhainne ach a dtagann sé ar fáil.

Bhí 119 saoráid cúraim leanaí ag feidhmiú i gCo. na Mí, le 95 acu ag tairiscint cúraim sheisiúnaigh agus 24 acu ag tairiscint cúraim lánlae (náiolanna), ó Dhaonáireamh na Soláthraithe Seirbhísí Cúraim Leanaí a rinne CCLCM. D’fhreastail 2,370 leanbh sa chontae idir aois 0-12 bliain ar na áiseanna cúraim leanaí sin. Ó thaobh na tíreolaíochta de, bí móramh na n-ionad suite i gCeantar Dhún Seachlainn le 40% de na hionaid go léir ann (níos mó ná 900 ionad) agus i dToghcheantair na hUaimhe le 24.5% de na hionaid go léir iontu (579 ionad). Bhí 16% de na hionaid chúraim leanaí i dToghcheantar Cheannannais (384 ionad) le céatadán i bhfad níos lú á thaifeadadh i dToghcheantar Bhaile Átha Troim le 10.5% de na hionaid chúraim leanaí (251 ionad) agus le Toghcheantair Bhaile Shláine mar 9% de na hionaid (234 ionad) faoi seach. Tá an easpa áiseanna reatha ina breithniú tábhachtach um measúnú na n-iarratas pleanála ar áiseanna cúraim leanaí breise sna Toghcheantair faoi dheireadh.

Bhí 740 ionad lánaimseartha ann do leanaí nár fhreastail ar scoil laistigh den chontae, le 23 áitreabh ag éascú do na hionaid sin ar fud an chontae. Tá tromlach na háiseanna sin suite i dToghcheantar Dhún Seachlainn mar a bhfónanna 8 n-áitreabh do 340 ionad cúraim leanaí lánaimseartha, arb ionann agus beagnach 50% de na hionaid go léir atá ar fáil ar fud na tíre. Bhí 188 ionad lánaimseartha agus 93 ionad páirtaimseartha ann san iomlán laistigh de na seirbhísí i gcomhair leanaí freastail scoile, a fhónann don samhradh agus do laethanta saoire scoile eile.

Bhí 1,943 ionad réamhscoile sa chontae arna n-éascú trí 111 áitreabh laistigh de na cúige thoghcheantar. Bhí an tromlach díobh sin suite laistigh de Thoghcheantar Dhún Seachlainn le 38 áitreabh, ag éascú do 46% de na hionad úd sa Mhí. Soláthraíodh nach mór 500 ionad in áiseanna réamhscoile trí 29 áitreabh san Uaimh.

Nochtadh tríd an taighde allamuigh go raibh 14% de na réamhscoileanna ceangailte le bunscoileanna. Ba cheart go dtacófaí go gníomhach le cothú na hacmhainne sin agus le méadú fhorbairt cheangal na réamhscoile le bunscoileanna.

Tá ganntanas aitheanta d'áiseanna cúraim lae iomlána ar fud an Chontae. Aithníonn Comhairle Contae na Mí an tábhacht a bhaineann le leibhéal leordhóthanach de sholáthar cúraim leanaí, ó thaobh an chomhionannais de, chun cuidiú le faoiseamh na bochtaine agus an eisiata shóisailta agus chun cuidiú le hinfhaighteacht dóthain lucht saothair a chinntiú. Thug Comhairle Contae na Mí cead pleanála do 43 saoráid cúraim leanaí thiar sa bhliain 2003, ag cruthú 1,634 ionad féideartha don chúram leanaí agus do 26 saoráid cúraim leanaí sa bhliain 2004, ag cruthú 858 ionad féideartha. Tugadh cead pleanála do thromlach na n-áiseanna sin mar chuid d'fhorbairt chónaitheach chomhtháite. Dhealrófaí achar ama a bheith ann idir bronnadh an chead pleanála agus tógáil / oibriú na n-áiseanna. Feidhmíonn Comhairle Contae na Mí go dearfach agus go réamhghníomhach chun spreagadh a thabhairt do mhéadú i líon na n-ionad cúraim leanaí atá ar fáil agus d'fheabhsú na seirbhísí cúraim leanaí don phobal dá réir.

Tabharfaidh an Chomhairle machnamh do 'Plean Cúraim Leanaí Chontae na Mí 2002 - 2006' nó d'aon phlean dá éis agus í ag foráil d'áiseanna cúraim leanaí sa chontae, agus féachfaidh sí freisin ar Threoirlínte Pleanála na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil i leith Áiseanna Cúraim Leanaí (2001). Leagtar amach i gCaibidil 10 den Phlean Forbartha seo treoirlínte um sholáthar na n-áiseanna cúraim leanaí sna forbairtí cónaitheacha.

POLASAITHE

POL SÓIS 23	Soláthar na n-áiseanna cúraim leanaí a spreagadh, a chur chinn agus a éascú de réir an pholasaí náisiúnta agus "Áiseanna Cúraim Leanaí - Treoirlínte do na hÚdaráis Phleanála".
POL SÓIS 24	Soláthar cúraim leanaí den scoth ar inacmhainne é ar fud an Chontae a chinntiú i gcomhairle le Coiste Cúraim Leanaí Chontae na Mí um fhorfheidhmiú Phlean Coiste Cúraim Leanaí Chontae na Mí 2006 - 2010 agus na bpleananna dá éis, leis an mBord Forbartha Contae agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An tOirthuaisceart.
POL SÓIS 25	lallach a leagan do sholáthar áiseanna cúraim leanaí de chineál agus scála iomchuí in ionaid oiriúnacha ar fud an Chontae. Go háirithe, beidh forbairt áiseanna cúraim leanaí sna háiteanna seo a leanas de dhíth de ghnáth: • Ceantair chomhchruinnithe fostaíochta agus páirceanna gnó; • Ionaid chomharsanachta; • Forbairtí miondíola móra agus páirceanna trádstórais mhiondíola; • I scoileanna nó áiseanna oideachais móra; • In aice le nóid iompair phoiblí, agus; • Laistigh d'fhorbairt chónaitheach nua agus reatha.

POL SÓIS 26

Spreagadh a thabhairt do sholáthar na n-áiseanna cúraim leanaí in éineacht le tograí i gcomhair forbairtí cónaitheacha úra. Soláthrófar saoráid cúraim leanaí amháin le hionaid do 20 leambh inti i leith gach 75 teaghais mar riail ghinearálta. Tabharfaidh an tÚdarás Pleanála spreagadh d'fhorbairtí na bhforbairtí cónaitheacha nua dul i gcomhairle le Coiste Cúraim Leanaí Chontae na Mí faoi conas is fearr a shásófar éilimh chúraim leanaí an cheantair sin.

POL SÓIS 27

Ceadú do shaoráidí cúraim leanaí sna ceantair chónaitheacha atá ann, ar an gcuntar nach mbíonn tionchar suaithinseach acu ar bhuntréithe ná ar fhóntais ceantair éigin, go háirithe maidir le cúrsaí páirceála, ginte tráchta agus suaite torainn. Ba chóir go gcoinneofaí gné chónaitheach shuntasach sa chás go mbaineann na háiseanna a thograítear le maoin a dearadh agus a tógadh mar theaghaisí, agus tithe eile ina dtimpeall.

POL SÓIS 28

Soláthar líonra áiseanna cúraim leanaí a chur chun cinn agus a spreagadh, ar áiseanna iad a fhreagraíonn do dháileadh an daonra chónaithe sa chontae agus le hachar taistil a íoslaghdú agus le deiseanna do phobail faoi mhíbhuntáiste a uasmhéadú.

7.7 ÁISEANNA CÚRAIM SHLÁINTE

Is iad na gníomhaireachtaí poiblí, príobháideacha agus deonacha a sholáthraíonn áiseanna cúraim shláinte agus leighis laistigh de Cho. na Mí. Is í Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte - Limistéar an Oirthuaiscirt (Bord Sláinte an Oirthuaiscirt roimhe seo) an príomheagras atá freagrach as seachadadh an chúraim shláinte agus seirbhísí sóisialta pearsanta do mhuintir na Mí. Is géarospidéal é Ospidéal Naomh Muire san Uaimh do réigiún an oirthuaiscirt, agus Ospidéal Naomh Seosamh i mBaile Átha Troim atá ina shaoráid dúiche. Tá rochtain ag cónaitheoirí an chontae freisin ar ospidéal sna contaetha máguaird - Ospidéal Naomh Muire Lourdes i nDroichead Átha, Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre sa Mhuileann gCearr, Ospidéal Ginearálta an Chabháin, agus na hospidéil iomadúla i mBaile Átha Cliath. I bhfianaise scála an mhéadaithe sa daonra, beifear ag súil go mbeidh éileamh ar níos mó cúraim shláinte agus áiseanna leighis laistigh den chontae chun freastal ar an daonra cónaitheach. Is feidhm dhíreach de chuis an Rialtais Láir é maoiniú na n-áiseanna cúraim shláinte amach anseo.

D'fhoilsigh an Roinn Sláinte agus Leanaí "An Príomhchúram - Treo Nua" thiar sa bhliain 2001, agus is ann a chuirtear chun cinn cur chuige foireann-bhunaithe do sholáthar seirbhíse, atá deartha le seirbhí príomhchúraim lán-chomhtháite a chur ar fáil. Is amhlaidh dá éis sin go dtugtar spreagadh do chleachtais ar mian leo a n-áitreabh a fhorbairt chun seirbhís ilfhreastail phríomhchúraim shláinte agus cúraim shláinte a sholáthar ar comhtháite san aon fhoirgneamh amháin í. Féadann áiseanna cúraim shláinte ionaid sláinte, ionaid lae, aonaid altranaís phobail, ionaid acmhainne teaghlaigh, tithe altranaís / ionaid téarnamh, teaghaisí pobail, saotharlanna do dhaoine éislinneacha, ionad ghníomhúcháin agus áiseanna cónaitheacha do leanaí agus ógánaigh. Teastaíonn suímh ó na háiseanna sin atá comhtháite le pobail nua agus reatha, agus ar sorochtana iad.



Táthar ag bogadh i dtreo níos mó seirbhísí sláinte atá bunaithe ar chúram pobail agus oibríonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte roinnt ionad cúraim phobail sna lonnáochtaí seo a leanas i gCo. na Mí.

- Baile Átha Buí
- Cill Dhéagláin
- Baile Íomhair
- Baile Uí Bhogáin
- Baile an Chaisleáin
- Droim Conrach
- Dún Búinne
- Damhliag
- Dún Seachlainn
- An Bóthar Buí
- Ceanannas
- An Inse
- An Uaimh (2 ionad, ceann acu ceangailte le hOspidéal Naomh Muire agus ceann i mBaile Eoin)
- An Obair
- An Seanchaisleán
- Baile Shláine
- Cnoc an Línsigh
- Baile Átha Troim
- Baile Uilcín

Is é príomhról an Údaráis Phleanála maidir leis an gcúram sláinte ná chun a chinntiú go bhfuil creatlach pholasaí leordhóthanach ann lena n-áirítear cur in áirithe na dtailte dá dteastódh seirbhísí breise agus go gceadófaí do na háiseanna cúraim shláinte faoi réir an dea-chleachtais phleanála. Ba chóir go bpleanáfaí agus go bhforfheidhmeofaí an soláthar amach anseo in éineacht leis an bhforbairt chónaitheach, go háirithe mar a ndéantar sin i gcomhthéacs na bPleananna Ceantair Áitiúil agus na bPleananna Creatlaí. Cuirfidh an tÚdarás Pleanála suímh in áirithe laistigh de na hionaid fhorbartha i gcomhair áiseanna cúraim shláinte le FSS an Oirthuaiscirt.

Bíonn tionchar ag go leor fachtóirí ar nós stádas chomhshaoil, oideachasúil, eacnamúil agus sóisialta freisin ar stádas sláinte daonra éigin. Tá ról ag an Údarás Pleanála lena chinntiú go dtugtar cosaint don chomhshaoil nádúrtha ar nós aeir, uisce agus cáilíocht na hithreach. Tá comhshaoil tógtha dea-cháilíochta ina fhachtóir tábhachtach freisin le dearadh na bhfoirgneamh, dóthain spáis oscailte, clóis súgartha, rianta coisithe agus rothaíochta i measc eile ag cúnamh le baint amach na sprice foriomláine chun stíl bheatha shláintiúil a chur chun cinn.

Sa chás go dtograítear mór-áiseanna ospidéal chun freastal ar leibhéil mhéadaithe daonra nó sa chás go dtograítear mór-áiseanna ospidéal a athlonnú chuig suíomh nua le linn saolré an Phlean Forbartha Contae; tabharfar aird sonrach ar rochtain iompair phoiblí ar na háiseanna sin. Ba chóir go n-áireofaí leis sin rochtain iompair phoiblí ó cheantar an ospidéal féin agus, sa chás go bhfreastalaíonn saoráid éigin ar éileamh speisialtóireachta nó náisiúnta, ó lasmuigh den cheantar.

POLASAITHE

POL SÓIS 29

Comhoibriú le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Oirthuaisceart) agus le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha eile um sholáthar na n-áiseanna cúraim shláinte iomchuí ag clúdach speictream iomlán an chúraim sin ó ospidéal do sholáthar na n-áiseanna cúraim phobalbhunaithe faoi réir cúrsaí na pleanála cúí agus prionsabail na forbartha inbhuanaithe.

POL SÓIS 30

A chinntiú go mbíonn dóthain tailte agus seirbhísí ar fáil d'fheabhsú, bunú agus forleathnú na seirbhísí sláinte.

POL SÓIS 31 Spreagadh a thabhairt do chomhtháthú na háiseanna cúraim shláinte laistigh de phobail nua agus reatha agus díspreagadh a thabhairt do thograí ba chúis le haonrú neamhriachtanach nó le deacrachtaí rochtana eile, go háirithe do dhaoine le míchumais, daoine scothaosta agus leanaí.

POL SÓIS 32 Gan iarratais athrú úsáide a bhreithniú ó úsáid chónaitheach ina háiseanna / lialanna cúraim shláinte, ach amháin más féidir príobháideacht agus taitneamhacht na n-áititheoirí in aice láimhe a chaomhú agus nach ndéanann an togra dochar ar thaitneamhacht áitiúil trí mheán méadú sa trácht, i bpáirceáil na gcarr nó sa torann. Ní cheadófar do theaghaisí de chineál leathscoite nó sraithe.

POL SÓIS 33 Spreagadh a thabhairt do thithe altranais agus scáthchóiríocht tithíochta, a bheith suite de réir mar is féidir laistigh de lonnaíochtaí chun foráil do shorochtain ag foireann agus cuairteoirí d'fhonn cáilíocht fhoriomlán na beatha a fheabhsú, agus a gcuid nasc le fónais áitiúla agus inrochtaineacht leo a mhéadú. Féadann suímh thuaithe bheith feiliúnach ina leith sin, sa chás go gcuireann an roghnú suímh na riachtanais sin san áireamh.

POL SÓIS 34 Spreagadh, tacaíocht agus éascú do sholáthar réimse seirbhísí don daonra scothaosta. Tá an Chomhairle tiomanta d'fhreastal ar éilimh dhaoine scothaosta sna ceantair thuaithe trí sholáthar, nó trí éascú do thithe altranais agus forbairtí scáth-thithíochta. Ba cheart go mbeadh na háiseanna sin suite laistigh de lonnaíochtaí d'fhonn cáilíocht fhoriomlán na beatha a fheabhsú, a gcuid nasc agus an inrochtaineacht ar fhónais áitiúla a mhéadú, agus dóchúlacht an aonraithe shóisialta a laghdú dá réir.

POL SÓIS 35 Féachaint go sonrach do rochtain iompair phoiblí agus machnamh á thabhairt ar thograí do mhór-áiseanna ospidéal nó d'athlonnú na mór-áiseanna ospidéal chuig suímh úr. Ba chóir go n-áireofaí leis sin rochtain iompair phoiblí ó cheantar an ospidéal féin agus, sa chás go bhfreastalaíonn saoráid éigin ar éileamh speisialtóireachta nó náisiúnta, ó lasmuigh den cheantar.

CUSPÓIRÍ

CUS SÓIS 10 Éascú d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte san Oirthuaisceart um sholáthar na n-ionad sláinte ag suímh aitheanta ar fud an Chontae trí thailte a chur in áirithe do na húsáidí sin sna Pleananna Limistéir Áitiúla faoi seach.

7.8 ÁISEANNA SPÓRTÚLA AGUS FÓILLÍOCHTA / ÁINEASA

7.8.1 Réamhrá

Is bunriachtanach iad na n-áiseanna spórtúla, fóillíochta agus caithimh aimsire don chomhtháthú sóisialta, cur chun cin na braistinte pobail agus is féidir leo cáilíocht beatha duine éigin a fheabhsú. Ceann de na hiarmhairtí ón méadú drámatúil sna leibhéil daonra agus ó éileamh is soláthar tithíochta suntasach a tharla sa Mhí le blianta beaga anuas is ea go bhfuiltear ag cur béime méadaíthí ar an gceangaltas don spás oscailte le dearadh den scoth agus deiseanna caithimh aimsire do chónaitheoirí, go háirithe dóibh siúd sna ceantair chathrach.



Tá dhá chatagóir den soláthar spáis oscailte ann go ginearálta, eadhon spás oscailte poiblí agus príobháideach. Tá an spás oscailte poiblí ina ghné ríthábhachtach do chruthú comhshaoil uirbeach den scoth agus dearsnaitheach, ag tairiscint deiseanna don áineas éighníomhach agus gníomhach araon, ag cur le cáilíocht na beatha de chuid na n-áitritheoirí agus na gcuaiteoirí araon, agus ag tairiscint tairbhí comhshaoil agus éiceolaíochta. Tá an soláthar spáis oscailte poiblí ina ndearbhphrionsabal bunúsach den taitneamhacht chónaitheach, ag tairiscint deise don áitritheoir i gcomhair caithimh aimsire shábháilte agus phríobháidigh. Pléifear leis an spás oscailte príobháideach a sholáthraítear laistigh d'fhorbairt chónaitheach ar bhonn ar leithligh sa chéad rannóg eile.

Tá feidhm thábhachtach ag an spás oscailte poiblí agus éagsúlacht cuspóirí á bhfeidhmiú aige, mar a leanas amach thíos:

- Áineas gníomhach, ar nós páirceanna peile, cúirteanna leadóige, lúthchleasaíocht, s.r.l.;
- Áineas éighníomhach, ar nós siúl, rothaíocht, spaisteoireacht, láithreacha picnice, s.r.l.;
- Briseadh amhairc laistigh den chomhshaoil tógtha cathrach;
- Feidhm comhshaoil, bheith mar scamhóga dár gceantair chathrach, agus;
- Feidhm éiceolaíochta, trí sholáthar agus cothabháil na ngnáthóg dúlra, agus an nascmhaireacht idir gnáthóga.

Tá soláthar áiseanna do spóirt agus áineas tar éis éirí níos tábhachtaí mar shaincheist pleanála le blianta beaga anuas. Cuireann an rathúnas méadaitheach i dteannta le cúrsaí stíle beatha agus sláinte go mór le méaduithe san éileamh ar gach cineál áis áineasa, idir áiseanna foirmiúla agus neamhfoirmiúla. Tá béim mhéadaitheach á cur ar an gceangaltas don spás oscailte de dheardh den scoth agus do dheiseanna caithimh aimsire d'áitritheoirí, go háirithe dóibh siúd a chónaíonn sna ceantair chathrach mar thoradh ar an éileamh ar sholáthar tithíochta. Tá soláthar iomchuí na n-áiseanna sin ina eochaircheist dá réir do na pleananna forbartha.

7.8.2 Comhthéacs an Pholasáí

Leagtar béim san Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha ar an tábhacht a bhaineann le soláthar spáis oscailte den chéadscóth. Le Pleananna Forbartha á ullmhú ag na hÚdaráis Phleanála iarrtar orthu go sonrach sna Treoirlínte chun:

- A chinntiú go mbeadh soláthar amach anseo na bhforbairtí cónaitheacha, nó na scéimeanna úsáide measctha i dteannta le gné chónaitheach, comhsheasmhach le polasaithe agus moltaí na Residential Density Guidelines do na hÚdaráis Phleanála maidir le cainníocht agus cáilíocht an tsoláthair spáis oscailte phríobháidigh agus poiblí;
- Toimhde a bheith acu i bhfabhar choinneáil na n-áiseanna spóirt agus áineasa atá ann;
- Tograí a bheith acu d'fheabhsú na n-áiseanna sin agus do sholáthar áiseanna úra i ngach aon fhorbairt chónaitheach mhór, agus;
- Ceantair laistigh d'ionaid uirbeacha a aithint, go háirithe iad siúd atá roghnaithe le haghaidh forbairt amach anseo sa straitéis lonnaithe, le haghaidh soláthar na spásanna oscailte poiblí d'áineas neamhfoirmiúil.

Samhlaítear freisin sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí go rannchuirfidh deiseanna caithimh aimsire agus soláthar an spáis oscailte sna ceantair thuaithe leis an ngeilleagar tuaithe agus, mar ghné thábhachtach go rannchuirfidh siad a thuilleadh leis an mbonneagar sóisialta agus pobail sna bailte agus sráidbhailte tuaithe, agus cáilíocht beatha na n-áitritheoirí agus cónaitheoirí tuaithe eile a fheabhsú dá réir. Ba chun na críche sin ar cheart do na hÚdaráis Phleanála:

- Bealaí a chioradh chun rochtain ar tuath a fheabhsú i gcomhair cuspóirí caithimh aimsire neamhfhoirmiúla ar nós an tsiúil, na rothaíocht agus na marcaíochta capaill;
- A chinntiú de réir mar is cuí, i gcomhar leis na Ranna Rialtais ábhartha, go soláthraítear dóthain réimse áiseanna áineasa laistigh agus lasmuigh araon in ionaid chun freastal ar an éileamh ón daonra a bhfuiltear ag dúil leis;
- Limistéir spásanna oscailte, áiseanna áineasa agus spórt, go háirithe na háiseanna sin i suímh uirbeacha, a lonnú laistigh d'achar sorochtana ó thaobh siúl na gcos agus na rothaíochta de, agus;
- Áiseanna níos mó ar dhócha go meallfaidh siad líon suntasach daoine agus go nginfear go leor aistear leo; iad a lonnú ar bhealaí le freastal maith ag an iompar poiblí orthu.

D'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil mar a bhí sa bhliain 1987 polasaí do Sholáthar agus Cothabháil na bPáirceanna, na Spásanna Oscailte agus na Limistéir Lasmuigh ag Údarás Áitiúla, agus is ann a leagtar amach an polasaí náisiúnta. Cé nach éigeantach é, moltar ann an caighdeán spáis oscailte seo a leanas i leith na gceantar uirbeach:

- Páirc áitiúil de spás oscailte 2 heicteár (íosmhéid) do gach 1,000 daonra, agus;
- Páirc comharsanachta 16 heicteár agus dhá pháirc áitiúla do gach 10,000 daonra.

Is cáipéis ata sa Pholasaí Náisiúnta Súgartha ina leagtar amach na riachtanais chun áiseanna súgartha leanaí a sholáthar agus an fhreagracht chun iad a sheachadadh. Áirítear leis na gníomhartha ar ábhartha do na hÚdaráis Áitiúla forbairt pholasaí súgartha, rannpháirtíocht leanaí sa chinnteoireacht a bhaineann leo, úsáid an tírdhreacha chruthaithigh don súgradh agus caighdeán agus cothabháil na gclós súgartha.

Tá an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta tar éis Comhairle na Tuaithe a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar thrí shaincheist tosaíochta:

- Rochtain ar an tuath;
- Forbairt Cóid Tuaithe, agus;
- Forbairt Straitéise Náisiúnta um Áineas na Tuaithe.

Glactar leis an sainmhíniú oibre den tuath mar a imlínítear thíos faoi seo idir an dá linn, ar feitheamh chríochnú na straitéise seo:

"Baineann áineas na tuaithe leis na himeachtaí spórtúla, áineasa agus saoire bunaithe ar úsáid acmhainní na tuaithe agus a rannchuireann le stíleanna beatha gníomhacha sláintiúla. Áirítear leis an téarma tuath talamh, uisce agus aer. Baineann an téarma áineas sa chomhthéacs seo le gníomhaíochtaí spórtúla agus áineas, a oibríonn faoi tuath mar a shainítear thuas. Ní thagraíonn sé do ghníomhaíochtaí spórtúla, a tharlaíonn faoin tuath ar chúrsaí iata ná ar pháirceanna imeartha atá saindeartha agus saintógtha do na spóirt úd m.sh. an galf, an pheil, an eachléim, srl."

Áirítear leis an bPlean Gnímh do Bhord Forbartha Chonate na Mí (mar chuid de Straitéis fhoriomlán an BFC - Le Chéile : An Integrated Strategy for Meath to 2012) beart chun straitéis súgartha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don Mhí faoin mbliain 2008. Bheadh Roinn Pobail & Fiontair de chuid Chomhairle Conate na Mí i gceannas ar ullmhú an Phlean Súgartha Contae chomhordaithe ilghníomhaireachta sin. Bhainfeadh measúnacht leis, lena n-áireofaí rochtain do dhaoine le míchumas, ar áiseanna súgartha i ngach aon Toghcheartar, ag aithint leibhéal, réimse agus caighdeán na n-áiseanna súgartha pobail atá ar fáil do leanaí gach aois. D'aithneofaí leis freisin an réimse beart a theastódh chun tacú le gníomhaíochtaí súgartha leanaí ó ghrúpaí imeallaithe laistigh den Chontae.

7.8.3 Bonneagar Spóirt agus Fóillíochta Eiseach i gCo. na Mí

Tá saincheistanna a bhaineann le cáilíocht na beatha chun tosaigh ar fud an chontae de bharr luas na forbartha cónaithí a chonacthas sa Mhí ó glacadh leis an bPlean Forbartha Contae 2001 - 2007. Bhíothas ag sracadh le seachadadh na n-áiseanna bunúsacha pobail chun freastal ar an daonra mear-fhormhéadaitheach chun comhlúas a choinneáil leis an bhforbairt chónaitheach. Bhí an easpa áiseanna spórtúla leordhóthanacha ina saincheist mhór go deimhin féin a tugadh aníos le linn ullmhú agus glacadh le Pleananna Ceantair Áitiúil na Mí ach go háirithe.



Is láidir an traidisiún spóirt atá i gCo. na Mí, idir traidisiún mórtasach na peile gaelaí le seacht dteideal shinsearach Uile-Éireann agus rásaíocht capall ag Brú na Sí, An Uaimh, Baile an Beileogaigh agus An Inse. Tá ról tábhachtach méadaitheach le feidhmiú freisin ag imeachtaí eachaíochta agus coibhneasacha i dteannta le háiseanna galtaireachta i ngeilleagar na turasóireachta. Is ag Co. na Mí atá go leor sruthchúrsaí agus uiscí den scoth ar fud a achair agus tá go leor acu saibhir ó thaobh an chumais slatiascaireachta atá acu. Tá ról tábhachtach ag an tslatiascaireacht i dtairiscint caithimh aimsire éighníomhach an chontae.

Maítear i bPróifíl Socheacnamaíoch Cho. na Mí gur teoranta é an t-eolas ar shaoráidí caithimh aimsire agus fóillíochta de bharr bunachar sonraí cuimsitheach bheith in easnamh. Táthar ag tabhairt aghaidhe air sin ámh le "Iniúchadh ar Shaoráidí Spórtúla agus Pobail i gCo. na Mí" a d'ullmhaigh Comhpháirtíocht Spórt Áitiúil na Mí le déanaí. Liostaítear san iniúchadh áiseanna a bhaineann go sonrach le spóirt, agus lena n-áirítear áiseanna eile ar nós hallaí paróiste agus ionad pobail.

Tá áiseanna ag beagnach gach aon sráidbhile i gcomhair roinnt spórt eagraithe páirc-bhunaithe. Ina theannta sin is amhlaidh atá 16 saoráid eachaíochta agus 11 machaire gailf sa chontae. Tá roinnt bealaí siúil inti freisin ar nós chosán tarraingthe na Bóinne agus tá flúirse tránna ag Baile an Bhiataigh-An Inse do shnámhaithe. Tá linnte snámha poiblí ag an Uaimh, Baile Átha Troim agus Ceanannas. Tá roinnt de na háiseanna sin suite lasmuigh de lonnaíochtaí críosaithe, a chloíonn le prionsabal an chreasa ghlais arna leagan amach ag SNS & RPGanna araon.

Cé gur críosáodh dóthain tailte sa Phlean Forbartha Contae 2001 - 2007 chun foráil d'imeachtaí caithimh aimsire, fóillíochta agus spórtúla, níor tháinig go leor ceann de na háiseanna sin i gcrích go dtí seo. Tabharfar aghaidh air sin sna Pleananna Ceantair Áitiúil trí leas a bhaint as cuspóirí áitiúla a nasctar, de réir mar is féidir, le céimniú na forbartha cónaithí. Ina theannta sin ar chóir go mbeadh leas éifeachtúil agus éifeachtach na Scéime reachtúla do Ranniocaíochtaí Forbartha ina chúnaimh ina leith sin.

Tá an straitéis lonnaíochta fhoriomlán a théann an Plean Forbartha seo ina bun bunaithe ar ordlathas lonnaíochtaí idir bhailte fáis mhóir agus gráigeanna. Rachfar i mbun ordlathais áiseanna pobail, spórtúla agus fóillíochta ar cóimhéid leis an daonra cónaitheach dá réir. Ní foláir go bhforálann an fhorbairt do na háiseanna spórt agus áineasa arb inrochtana do gach cuid den phobal iad, agus más gá, go mbaineann an fhorbairt gearáil astu. Tá siad seo rithabhachtach do bhaint amach na forbartha inbhuanaithe cothromaithe. Soláthróidh sé sin acmhainn ríluachmhar um ullmhú na bPleananna Ceantair Áitiúil, agus aithneofar leis aon easnamh sna háiseanna spórt, páirceanna imeartha agus spás oscailte fónais neamhfhoirmiúil laistigh de na hionaid iad féin. Gheofar cuspóirí sonracha sna PCÁ mar a nasctar soláthar na n-áiseanna sin go díreach le forbairt ceantar áirithe agus chun aon easnamh a aithnítear in iniúchadh na n-Áiseanna Spórtúla & Pobail a leigheas.

POLASAITHE

POL SÓIS 36	Cothromaíocht a fhorbairt i suíomh agus cineálacha an spáis oscailte a sholáthraítear ar fud an Chontae agus chun forbairt limistéar spáis oscailte d'ardscoth a chinntiú, d'úsáid ghníomhach agus éighníomhach araon, agus gníomhaíochtaí foirmiúla agus neamhfoirmiúla.
POL SÓIS 37	Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí spórt agus pobail áitiúla um sholáthar agus forbairt na n-áiseanna spórtúla agus pobail lasmuigh agus laistigh.
POL SÓIS 38	Tacú le grúpaí spórt agus grúpaí pobail áitiúla i bhforbairt na n-áiseanna trú thalamh oiriúnach a chur in áirithe agus soláthar an chistithe de réir mar is cuí agus mar a mbíonn se ar fáil.
POL SÓIS 39	Freastal ar éilimh spórtúla agus caithimh aimsire gach earnáil agus aois den phobal agus comhtháthú díobh siúd le riachtanais speisialta a chur chun cinn leis an gcomhshaol spórtúil agus caithimh aimsire.
POL SÓIS 40	Cosaint a thabhairt do shaoráidí fóillíochta agus caithimh aimsire ó athrú úsáide nó athfhorbairt in úsáidí eile mura féidir spás oscailte nó saoráid fóillíochta mhalartach a sholáthar chun freastal ar an gceantar céanna.
POL SÓIS 41	Deiseanna a lorg chun caighdeán agus cumas áiseanna fóillíochta eisigh a fheabhsú agus nuair is cuí, úsáidfidh an Chomhairle a cuid cumhachtaí faoin tAcht um Pleanáil & Forbairt 2000, arna leasú, chun tobhaigh forbartha a éileamh chun feabhsú ar áiseanna eisigh a bhaint amach.
POL SÓIS 42	Cinntiú go lonnaithear gach áis fóillíochta nua ar bhealaigh le iompar poiblí nuair is féidir agus in áit ar féidir leo freastal do riachtanais an phobail arna bhfuil an áis beartaithe.
POL SÓIS 43	I gcásanna forbairtí cónaithe móra, cinntiú go ndéanann forbróirí soláthar cuí le haghaidh creatlach spóirt agus áineas ar cóimhéid le riachtanais na forbartha mar eilimint lárnach dá gcuid tograí. Ba cheart go n-áireofar soláthar díreach d'focaíocht tobhach forbartha ar nó as láthair ionas gur féidir roghanna oiriúnacha eile a chuir ar fáil.
POL SÓIS 44	Tá sé mar pholasaí ag an tÚdarás Pleanála de ghnáth gan cead a thabhairt de mholtaí forbartha le haghaidh spóirt ina n-áirítear mótarfheithicilí, aerárthaí nó airm tine seachas má chomhlíontar na critéir seo a leanas: • Ní bheidh aon chorrail do-ghlactha do chónaitheoirí áitiúla; • Ní bheidh aon chorrail do-ghlactha do bheostoic feirme agus fiadhúlra; • Ní bheidh aon choimhlínt le taitneamh na ceantair a úsáidtear le haghaidh áineas neamhhoirmeálta, agus; • Tá leibhéal an torann timpeallach i gceantar an fhorbairt bheartaithe ard cheana féin agus ní bheidh an torann dóchúil a tháirgtear as an ngníomhaíocht nua seo ceannasach. I gcásanna áirithe d'fhéadfadh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh go bhfuil sé oiriúnach cead sealadach a bhronnadh chun seans a thabhairt tionchar leibhéal torann agus aon chorrail nó núis féideartha a mheasúnú níos iomláine.

CUSPÓIRÍ

CUS SÓIS 11	Straitéis Súgartha le haghaidh Co. na Mí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le Bord Forbartha an Chontae agus gníomhaíochtaí eile.
CUS SÓIS 12	Caighdeán a ullmhú le haghaidh soláthar áiseanna fóillíochta coimhdeacha agus spás oscailte laistigh d'fhorbairtí cónaithe mar chuid lárnach den fhorbairt foriomlán agus ar chostas na bhforbróirí i ndiaidh foilsíú Iniúchadh um Áiseanna agus Conláistí Spóirt ag Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí.

7.8.4 Spás Oscailte Poiblí

Léiríonn na Treoirínte um DLús Cónaithe do hÚdaráis Phleanála gurb í spás oscailte ceann de na príomh-eilimint i sainiú a dhéanamh ar chaighdeán an timpeallacht chónaithe. Mar a imlínítear i gCaibidil 10 (Treoirínte & Caighdeán Forbairt Bhainistíochta), ba cheart i bhfad níos mó béime a chuir ar chaighdeán an spás oscailte atá le soláthar. I gceantair forbartha nua, ba cheart go sainaithneodh Pleananna Ceantair Áitiúil an suíomh roghnaithe le haghaidh spásanna oscailte móra ag staid luath ina n-áirítear, má tá siad oiriúnach, suímh i gceantair neamh-fhorbartha in aice leis na ceantair forbartha. Ba cheart caomhnú tréithe tírdhreacha nádúrtha, inrochtaine agus grádán a áireamh sa chritéir a úsáidtear le haghaidh suímh roghnaithe a phiocadh. Ba cheart naisc coisithe oiriúnacha idir spásanna oscailte a aithint agus nuair is cuí rotharbhealaí a chuir ar fáil.



Ba cheart go n-aithneodh an Plean Ceantair Áitiúil nó an Plean Creatlaí an caighdeán oiriúnach do mhéid spás oscailte poiblí ar scála mór atá riachtanach ag féachaint don soláthar áiseanna mar sin atá ann cheana. Go hidéalach ba cheart córas ordlathach do spás oscailte a roinnt tríd ceantair cónaithe agus comharsanachtaí, ag réimsiú ó cheantair beaga áit ar féidir le páistí súgra ar amharc an tí go ceantair níos mó áit ar féidir le páistí atá níos sine bheith rannpháirteach i liathróideacht ócáideach agus gníomhartha imeartha eile. Tá sé inmhianaithe go lonnófar ceantair móra de spás poiblí in aice le lárionaid comharsanachtaí eisigh nó beartaithe, áiseanna pobail agus campais oideachais chun úsáid ilchuspóireach a éascú.

I gcúinsí áirithe, áit nach féidir na caighdeáin seo a chomhlíonadh agus go bhfuil áiseanna áineasa níos déine inmhianaithe, breathnófar ar sholáthar áiseanna mar seo ina ionad nó d'fhéadfaí ranníocaíochtaí a thobhach i dtreo soláthar áiseanna poiblí, mar a soláthraíodh dóibh i gCuid III Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

I suímh úrnua atá á fhorbairt le haghaidh dlús meánach go hard (i.e. >30 aonaid sa heicteár) nó na suímh sin ina bhfuil gá le Plean Ceantair Áitiúil nó Plean Creatlaí, soláthrófar spás oscailte poiblí ag íos-ráta 15% de oll-achar an tsuímh. Ba cheart go mbeadh an spás oscailte seo i bhfoirm spásanna oscailte úsáideacha laistigh de fhorbairtí cónaithe agus, áit is cuí, páirceanna comharsanachta níos mó chun freastal ar an mórfhobal. I ngach cás eile, ba cheart spás oscailte poiblí a sholáthar ag íos-ráta de 10% de oll-achar an láithreáin.

Ba cheart cineálacha éagsúla saghsanna agus méid spásanna oscailte a sholáthar chun freastal ar riachtanais áineasa gníomhach agus fulangach páistí agus aosaigh de gach aois. Tá íos-riachtanais de réir 1,000 sa daonra (níos mó ná 350 aonad tithíochta traidisiúnta) do na cineálacha spásanna oscailte éagsúla leagtha amach thíos.

Tá sé ar intinn ag na hÚdaráis Phleanála go soláthrófar, áit atá sé praiticiúil, spás oscailte ag íos-ráta de 3.2 heicteár (8.0 acra) de réir 1,000 sa daonra. Tá gá le discríd chun comhdhéanamh na haonaid tithíochta éagsúla agus na tréithe déimeagrafaigh éagsúla a d'fhéadadh teacht ón rud céanna a chur i gcountas. Tá comhdhéanamh roghnaithe an spás oscailte seo imlínte thíos:

Úsáid Molta	Íoschaighdeán
Áit Súgartha le haghaidh Páistí	0.4 ha
Páirceanna Uirbeacha / Spás Conláiste Ginearálta	1.2 ha
Páirceanna Imeartha	1.6 ha
Riachtanais Fhoriomláin	3.2 ha

Tá an spás conláiste ginearálta / páirceanna uirbeacha sa bhreis ar sholáthar páirceanna imeartha agus tá sé le haghaidh imirt níos ócáidí ná na páirceanna imeartha a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh eagraíochtaí spóirt áitiúla, mar a mheastar oiriúnach.

Tá gá le íosmhéid de 400 méadar chearnach de áit súgartha le haghaidh páistí do fhorbairt de 40 áit cónaithe nó níos mó (bunaithe ar sheilbh mheánach de 2.9 duine sa teach). Beidh íos-mhéid na n-aonaid spás oscailte 200 méadar chearnach le aon taobh amháin níos mó ná 10 méadair. Ní thógfáir aon chuntas de spás oscailte teagmhasach cosúil le imill an fhéir, ceantair fágtha, nó aon cheantar a mheastar atá mí-oiriúnach de réir a nádúr (m.sh. riascach) nó topagrafaíocht (fána).

Tabharfaidh lonnaíocht, láithreánú agus dearadh an spás oscailte aird ar seo a leanas:

- Bheith deartha go maith agus ar ardchaighdeán ó thaobh amhairc de ionas go bhfuil sé feidhmeach agus insroichte do chách;
- Bun a dhéanamh le haghaidh coinneáil na dtréithe nádúrtha eisigh;
- Moltaí le haghaidh draenáil agus tírdhreachú an spás oscailte poiblí a chuir san áireamh;
- Ní bheidh cúlú tithe ar spásanna oscailte ceadaithe;
- Leibhéil arda faireachais nádúrtha a sholáthar agus go mbeadh an méid tithe is féidir ag féachaint síos ar, agus;
- Go soláthrófar balla / claí teorann áit atá spás oscailte mar seo in aice le bóthar príomh-rochtaine nó Bóthar Dáileacháin Áitiúil.

POLASAÍ

POL SÓIS 45

Ní cheadófar aon fhorbairt chónaitheach ar thailte atá faoi réir gníomhas díograis nó atá aitheanta in iarratas pleanála mar spás oscailte chun infhaighteacht áiseanna pobail agus áineasa do chónaitheoirí an cheantair a chinntiú.

7.9 LEABHARLANNA

Tá an seirbhís leabharlainne atá á sholáthar ag Comhairle Contae na Mí tábhachtach gó méadaitheach ó thaobh an ról pobail, eolais, cultúrtha agus for-rochtana atá aici laistigh den chontae. Sholáthar an seirbhís leabharlainne poiblí modh tábhachtach le teacht ar eolas agus áiseanna léamh mar chaitheamh aimsire le blianta fada anuas agus bhí ról an-mhór aici i bhforbairt oideachas agus litearthacht inár gcontae. Is ionad tábhachtach anois í le haghaidh gníomhachtaí cultúrtha chomh maith.

Tugann Comhairle Contae na Mí tacaíocht don tseirbhís leabharlainne poiblí óna cheanncheathrú san Uaimh. Ina dteannta seo tá 12 bhrainse ar fud an chontae. Tá siad suite i:

- | | | |
|------------------|------------------|--------------------|
| • Cill Dhéagláin | • Dún Seachlainn | • An Obair |
| • Baile Átha Buí | • Ceanannas | • An Seanchaisleán |
| • Damhliag | • An Inse | • Baile Shláine |
| • Dún Búinne | • An Uaimh | • Baile Átha Troim |



Osclaíodh leabharlanna Chill Dhéagláin, Dún Búinne agus An Seanchaisleáin i 2004. Tá leabharlann Cill Dhéagláin suite in “Ionad Ilfhreastail” an Chomhairle laistigh den leathnú nua lár baile mhóir i gCill Dhéagláin. Críochnaíodh Leabharlann An Seanchaisleáin i gcomhar le Comhar Creidmheasa An Seanchaisleáin. Tá an leabharlann lonnaithe ar bhun-urlár an fhoirgnimh agus tá seomra cruinnithe á roinnt aige leis an Comhar Creidmheasa chun imeachtaí atá á rith ag an Seirbhís Leabharlanna a éascú. Tá Leabharlann Dún Búinne mar chuid de choimpléasc mór nua, ina bhfuil áiseanna le haghaidh Cúram Athshlánúcháin agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Thoir Thuaidh.

Tá líon na mbaill i seirbhís na leabharlanna ag 22,500 faoi láthair agus cinntíonn díothú táillí ballraíochta go bhfuil an seirbhís leabharlainne ar fáil do chách. Ag cuimsiú éagsúlacht chultúrtha an chontae, tá stoc in alán teangacha Eorpacha san áireamh sa mhéid atá ag an seirbhís leabharlainne, ina n-áirítear teangacha as Oirthear na hEorpa, Sínis, Rúisis agus Araibis, iad ar fad le fáil ar iasacht ag Leabharlanna Poiblí An Uaimh agus Chill Dhéagláin. Is uirlis cumarsáide sa bhreis í an seirbhís idirlín atá ar fáil do lucht cónaithe na Mí agus mar sin tá an chumas ann sochaí níos cuimsithí a thacú.

Spreagann Leabharlanna Contae na Mí grúpaí agus daoine aonair le na háiseanna a úsáid le haghaidh réimse leathan de ghníomhachtaí. Is féidir le grúpaí pobail an chuid is mó de na leabharlanna a rochtain, saor in aisce, dóibh seo a leanas:

- Taispeántais
- Cur i láthair
- Áiteanna cruinnithe
- Léachtaí
- Ranganna le haghaidh oideachas aosach

Spreagtar grúpaí áitiúla agus daoine aonair a gcuid bileoga faisnéise a dháileadh sna leabharlanna ar fad.

In Aibreán 2005, d’fhormheas Comhairle Contae na Mí Plean Forbartha Cúig Bliana 2005-2009 a leagann amach bearta atá le comhlíonadh faoi 2009. Soláthraíonn sé do leathnú ar na seirbhísí le leabharlanna nua beartaithe le haghaidh Baile Íomhair, An Inse agus Ceanannas. Moltar uasghrádaithe móra ar na leabharlanna ag Damhliag agus An Uaimh sa Phlean Forbartha Cúig Bliana freisin. Ar deireadh, moltar Ceanncheathrú an Leabharlann Chontae a athshuí san Uaimh.

Déileálfar le soláthar áiseanna leabharlainne ag Ceanannas, An Uaimh agus Baile Átha Troim ina bpleananna forbartha baile féin fad is atá soláthar na seirbhíse ag An Inse san áireamh i bPCÁ Oirthear na Mí. Tabharfaidh an áis atá molta le haghaidh Baile Íomhair aghaidh ar easnaimh sa tseirbhís in iar-dheisceart an chontae mar atá aibhsithe sa Phróifíl Socheacnamaíoch.

POLASAÍ

POL SÓIS 46	Leanúint de bheith ag leathnú agus ag feabhsú an seirbhís leabharlainne le freastal ar riachtanais an phobail, faoi réir cuspóirí agus tosaíochtaí Plean Forbartha na Leabharlanna agus faoi réir infhaighteacht airgeadais.
-------------	--

CUSPÓIRÍ

CUS SÓIS 13	Feabhsú a dhéanamh ar áiseanna leabharlainne san Uaimh, agus a fheidhm mar cheanncheathrú na leabharlainne don chontae a choinneáil.
-------------	--

CUS SÓIS 14	Iníúchadh a dhéanamh agus má tá sé indéanta leabharlann nua a sholáthar laistigh de athfhorbairt lár Bhaile an Bhiataigh.
-------------	---

CUS SÓIS 15	Áis leabharlainne a sholáthar ag Baile Íomhair.
-------------	---

7.10 ÚIRLEACHAIS / TAILTE ADHLACTHA / REILIGÍ

Tá freagracht reachtúil ag Údaráis Áitiúla áiseanna adhlacadh a sholáthar, cé go bhfuil an chuid is mó de na háiseanna sa Mhí curtha ar fáil ag eagraíochtaí reiligiúnacha. Aistríodh an chumhacht seo go hÚdaráis Áitiúla ar mhaithe le sláinte poiblí, chun oscailt úirleachais nua a rialú agus chun scor adhlacthaí a ordú in áiteanna sainithe.

Faoin tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, is féidir leis an tÚdarás Pleanála cuspóirí chun tailte a choimeád le haghaidh úirleachais a chuir san áireamh. Déanfaidh PleanannaCeantair Áitiúil agus Ráitis Dearaidh Gráige aonair staidéar ar leorgacht na háiseanna eisigh le freastal ar an tréimhse pleanála agus coimeádfar tailte laistigh de gach ionad forbartha le haghaidh áiseanna adhlacadh mar is gá.

Mar thoradh ar athruithe sa tsochaí soláthraíonn na hÚdaráis Áitiúla reiligií ilchreidmheacha ina ndlínsí. Mar shampla d'fhorbair Comhairle Contae na Mí reilig Naomh Finnian agus tá sé lonnaithe ar Bhóthar Baile Átha Buí, An Uaimh. Cuireadh reilig nua ar fáil ag Ráth, ó thuaidh ó Cill Dhéagláin chomh maith atá mar thoradh ar fhiontar idir Comhairle Contae na Mí agus forbróir áitiúil a sholáthar an suíomh. Tá thart ar 115 reilig san iomlán i gContae na Mí.



Chomh maith le soláthar tailte adhlacadh, ceist phleanála thábhachtach eile is ea aithint agus cosaint luach oidhreachta na reiligi éisigh, lonnaithe go minic ar thailte sean-shéipéil. Cuireadh reiligi ar fáil ar bhonn paróiste in Éirinn agus go han-mhinic bhíodar in aice le agus gaolmhar le fothracha séipéil a bhí ann sna céadta roimhe sin. Rialaíodh na háiteanna úirleachais seo go háitiúil - i gcás tailte adhlacadh Caitliceacha ag an sagart paróiste agus a pharóistigh D'fhéadfadh cuid acu seo a bheidh ina séadchomharthaí náisiúnta nó ina dtailte / cúirtealáiste de struchtúir chosanta.

Le blianta beaga anuas tá claonadh ann deireadh a chuir le rialú lárnach ar sholáthar agus oibriú tailte adhlacadh as dáta agus cineach a dhéanamh ar fhreagrachtaí go leibhéal áitiúil. Tá sé ag éirigh coitianta freagracht

do bhainistíocht a thabhairt do ghrúpaí pobail áitiúla leis an tÚdarás Áitiúil ag cuir maoiniú ar fáil ar bhonn bliantúil chun trealamh a cheannach.

POLASAITHE

POL SÓIS 47

Éascú a dhéanamh ar sholáthar tailte adhlacadh nua (neamh-shainchreidmheach) agus leathnú ar reiligi éisigh mar is cuí le freastal ar riachtanais an chontae.

POL SÓIS 48

Oidhreacht chultúrtha tailte adhlacadh stairiúla a chosaint laistigh de Chontae na Mí agus spreagadh a dhéanamh ar a bhainistiú agus cothabháil de réir príonsabail caomhnaithe.

POL SÓIS 49

Grúpaí pobail áitiúla a spreagadh chun forbairt, bainistiú agus cothabháil a dhéanamh ar áiseanna adhlacadh nua.

7.11 SEIRBHÍS DÓITEÁIN



Is seirbhís slándála tábhachtach í comhrac dóiteáin a sholáthraíonn an t-údarás áitiúil. Tá seacht stáisiún dóiteáin ag suímh straitéiseacha ar fud an chontae. An Uaimh (ceanncheathrú an líonra), Baile Átha Troim, An Seanchaisleán, An Obair, Dún Seachlainn agus Cill Dhéagláin. De réir grádú úrnua a déanadh ar na stáisiúin ar fad, leis an ceann ag An Obair mar eisceacht, tá an réimse iomlán seirbhísí a mheastar atá riachtanach ar fáil.

Tá freagracht ag an seirbhís dóiteáin chomh maith maidir le caighdeán sábháilteacht dóiteáin i ndearadh foirgnimh nua agus feabhsaithe, athruithe in úsáid agus maidir le gnéithe sábháilteacht dóiteáin in úsáid laethúil foirgnimh atá á rochtain ag an bpobail. Faoi na Rialacháin Foirgníochta, seoltar iarratais ar leith go dtí an Seirbhís Dóiteáin chun Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán a fháil agus faightear é seo roimh tógáil.

Tá ról agus feidhmeanna an seirbhís dóiteáin snaidhme le seirbhísí ceartlár eile atá ag Comhairle Contae na Mí cosúil le pleanáil, tithíocht, seirbhísí uisce agus bóithre:

- D'fhéadfadh cinntí pleanála éifeacht mhór a bheith acu ar leibhéal riosca tine i gceantar ar leith;
- Is féidir le cleachtaí cothabhála tithíochta maithe tionchar suntasach a bheith acu ar leibhéal tinte simléir;
- Déanann pearsanra tithíochta comhthadhall go rialta le tionóntaí agus is féidir leo a bheith mar bhealach le haghaidh teachtaireachtaí maidir le sábháilteacht tine a iompar;
- Caithfear riachtanais soláthar uisce na seirbhísí dóiteáin a chuir san áireamh i ndearadh córais soláthar uisce, agus;
- Is féidir le caighdeán na bóithre agus córais bainistíochta tráchta tionchar a bheith acu ar am freagartha teagmhais an bhríogáid dóiteáin.

Tá sé tábhachtach, mar sin, le haghaidh tairbhe an phobail, go bhfuil dlúthchaidreamh oibre agus comhoibriú éifeachtúil idir an seirbhís dóiteáin agus seirbhísí údaráis áitiúil eile ar bhonn leanúnach.

Lainseáil an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil Clár Athruithe an Seirbhís Dóiteáin (FSCP) i Feabhra 2005. An aidhm atá ag Clár Athruithe an Seirbhís Dóiteáin ná forbairt a dhéanamh ar chláir agus iad a chuir i bhfeidhm chun feabhas suntasach i sábháilteacht maoin agus daoine a thabhairt i gcrích. Áireofar anseo forbairt ar chultúr uileghabhálach bainistíocht riosca a threoróidh an cur chuige ar fad go sábháilteacht dóiteáin. Caithfidh an FSCP cinntiú go bhfuil seirbhís dóiteáin ar ardchaighdeán ag obair cóngarach le seirbhísí údaráis áitiúla eile, gur féidir leis cur le sochaí níos sábháilte go héifeachtúil tríd a chuid oibre um sábháilteacht dóiteáin, obair ar chosc dóiteáin agus a chórais freagartha ar eachtraí. Ciallaíonn sé seo athrú ar an fócas ó ról freagartha traidisiúnta an seirbhís go daoine a chosaint trí chosc agus maolú. Tá Comhairle Contae na Mí ag ullmhú plean le haghaidh forbairt agus leathnú na seirbhísí éigeandála sa Chontae ar aon dul le deachleachtas agus Clár Athruithe an Seirbhís Dóiteáin.

POLASÁÍ

POL SÓIS 50

Leanúint le seirbhís dóiteáin nua-aimseartha agus éifeachtúil a sholáthar don chontae agus éascú a dhéanamh ar chóiríocht áiseanna seirbhísí dóiteáin i suímh a cheadaíonn éascú rochtain agus feidhmiú sábháilte i leith an gréasán bóithre.

7.12 ÁISEANNA EALAÍON AGUS CULTÚRTHA

Ní amháin go gcuireann áiseanna ealaíona agus cultúrtha le caighdeán ealaíonta, sóisialta agus ginearálta maireachtála na cónaitheoirí ach meallann sé cuairteoirí agus infheistíocht go dtí an cheantair chomh maith. Tá áiseanna ealaíona agus cultúrtha fadréimseach agus cuirtear ionaid pobail agus ealaíona, iarsmalanna, amharclanna agus ionaid ceoil san áireamh. Is féidir le leabharlanna bheith mar asraonta ealaíona agus cultúrtha chomh maith agus déileálar go leithleach leo. Trí cheapachán Oifigeach Ealaíona Contae agus forbairt ar an Plean Forbartha do na hEalaíona sa Chontae 2005-2007, rinne Comhairle Contae na Mí dearbhú ar a chreidiúint i dtábhacht na healaíona go daoine aonair agus go pobail. Aithníonn sí tábhacht na healaíona i réimsí forbairt phearsanta, forbairt an phobail, fostaíocht agus turasóireacht. Déanfaidh an Chomhairle iarracht soláthar cultúrtha cothromaithe a chuir ar fáil don chontae i leith ceol, scannáin, amharclann, damhsa, amharcealaíona, litríocht agus ceoldrámaí.

Is earnáil bheoga í an earnáil ealaíona sa Mhí, a chuimsíonn réimse leathan daoine, áiteanna agus gníomhachtaí. Cónaíonn agus oibríonn ealaíontóirí ó alán disciplíní sa Mhí, agus, le chéile le eagraíochtaí ealaíona proifisiúnta, grúpaí amaitéaraigh agus grúpaí pobail atá páirteach i ngníomhachtaí ealaíona, tá linn réasúnta le buanna ealaíona agus frontair sa chontae.



Leagann Plean Forbartha do na hEalaíona amach bearta chun struchtúir tacaíochta a dhéanamh níos foirmiúla agus chun deiseanna a chruthú do na healaíona laistigh den t-údarás áitiúil agus an chontae. Tá sé mar aidhm ag an Plean Forbartha do na hEalaíona rochtain ar na healaíona do gach earnáil den phobail a mhéadú, a spreagadh agus meabhraíocht agus suim sna healaíona a ardú agus páirteachas méadaithe a chruthú i ngach saghas ealaíon ag gach earnáil den bpobail.

Glacadh tógáil an Ionad Ealaíona san Uaimh mar an chéad chuid de athfhorbairt Faich an Aonaigh. Áirítear san áis seo amharclann le trí chéad fiche suíochán, spás taispeántais le haghaidh amharcealaíona, stiúideo agus spás le haghaidh ceardlann agus áiseanna caifé-beár. Tá an Chomhairle ag forbairt áiseanna eile

chomh maith ina n-áirítear Dánlann Toradh, Damhliag; na háiseanna taispeántais atá pleanáilte agus 'Art Mart' ag Oifigí an Chomhairle i gCill Dhéagláin, Ionad Ceoil Soghluaiste Comhairle Contae na Mí agus an pleanáil le haghaidh forbairt Ionad Liteartha in aice le larsmalann Teachín Ledwidge, Baile Shláine.

Sa bhreis ar na háiseanna seo, tá sé ar intinn ag Comhairle Contae na Mí obair le gníomhaireachtaí áitiúla agus grúpaí pobail le cumas forbartha do áiseanna cosúil le Teach Cúirte Damhliag, Teach Naomh Uinseann de Pól, An Cheanannas agus Ionad Ceoil agus Cartlanna molta ag Comhaltas Ceoltóirí Éireann ag Cill Mhaighneann a iniúchadh.

POLASAITHE

POL SÓIS 51	Leanúint de bheith ag feabhsú raon agus caighdeán soláthar na healaíona i gContae na Mí chun tacaíocht a thabhairt do fhorbairt leanúnach creatlach chultúrtha ar fud an Chontae.
POL SÓIS 52	Leanúint de bheith ag aithint tábhacht na healaíona i réimsí forbairt phearsanta, forbairt an phobail, fostaíocht agus turasóireacht agus iarracht a dhéanamh deiseanna a chruthú i ngach ceann de na réimsí seo.
POL SÓIS 53	Tacaíocht a thabhairt do fhorbairt agus soláthar áiseanna ealaíona agus cultúrtha ag suímh ina n-áirítear Teach Cúirte Damhliag, Teach Naomh Uinseann de Pól, An Cheanannas agus Ionad Ceoil agus Cartlanna molta ag Comhaltas Ceoltóirí Éireann ag Cill Mhaighneann.
POL SÓIS 54	Dul i dteagmháil le Oifigeach Ealaíona an Chontae mar gheall ar aon fhorbairtí atá molta a d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar na healaíona.

7.13 EALAÍN PHOIBLÍ

Is féidir le ealaín phoiblí cabhrú ómós áite a fhorbairt agus tugann sé féiniúlacht agus carachtar go pobal atá leithleach agus uathúil. Tá alán buntáistí ag ealaín phoiblí - caighdeán comhshaoil a mhéadú, an timpeallacht thógtha / ríocht phoiblí a fheabhsú, ómós áite a chruthú, uabhar cathartha a chothú, turasóireacht a chur ar aghaidh agus deiseanna fostaíochta sa bhreis a sholáthar do ealaíontóirí.

D'ullmhaigh an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta cáipéis i 2004 dár teideal "Ealaín Phoiblí: Scéim an Chéatadáin don Ealaín, Treoirínte Ginearálta Náisiúnta". Cuireann ranna rialtais móra Scéim an Chéatadáin don Ealaín i bhfeidhm i ndáil le oibreacha caipitiúla cosúil le tógáil foirgnimh poiblí, bóithre agus tionscadail athchóirithe agus athghiniúna.

Sainmhínítear ealaín phoiblí mar a leanas:

"Le sainmhíniú leathan, is iomaí cruth agus is iomaí feidhm a d'fhéadfadh a bheith ag ealaín phoiblí. D'fhéadfadh gur ábhar mórtais chathartha nó ábhar díospóireachta spreagúla í. D'fhéadfadh gur teagasc mórálta nó siamsaíocht a bhain feadh léi. D'fhéadfadh gurbh fhoinsé phléisiúir agus shóláis í go príobháideach nó gur chomhartha féin-aitheantais agus iniaimh í i bpobail."

Fad is gurb é an coincheap traidisiúnta a bhí ann faoi ealaín phoiblí go príomha ná i dtéarmaí na healaíona plaisteacha - dealbha amuigh faoin aer ach go háirithe - déanadh iniúchadh ar raon féidearthachtaí níos leithne le blianta beaga anuas.

Leathnaigh raon ealaín phoiblí agus ní hamháin go n-áirítear gaolta gara le dealbhóireacht, ailtireacht agus péinteáil anois, ach ceol, litríocht, scannáin, físeáin, ilmheán agus ealaín fuaime, chomh maith le na healaíona taibhiúcháin éagsúla ina n-áirítear téatar, damhsa, ceoldrámaí, agus ealaín beo.

Is féidir le ealaín phoiblí aon mharthanacht a bheith aici, sealadach nó buan agus is féidir í a lárú i gcomhthéacs tuaithe nó uirbeach. Mar shampla, coimisiúnann an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta píosaí ealaíona le cuir san áireamh mar chuid de na scéimeanna bóithre nua ar fad. Tá ealaín phoiblí leathan ina sainchúram agus cuirtear ailtireacht san áireamh agus mar thoradh ar seo bíonn tionchar aici ar an timpeallacht thógtha. Leagann na Treoirínte Pleanála Réigiúnacha béim ar an bhfíric nach bhfuil an timpeallach thógtha statach, ach go bhfuil sí ag forbairt agus ag fabhrú go leanúnach. Beidh struchtúir an lae inniu mar oidhreacht na todhchaí.

Tá rannóg ar ealaín phoiblí san áireamh sa Phlean Forbartha do na hEalaíona 2005 - 2007. Ó 1998 i leith choimisiúnaigh Comhairle Contae na Mí aon déag gnéith de ealaín phoiblí ag ardú an líon iomlán atá faoi chúram an Chomhairle go seacht déag. Léiríonn an Plean Forbartha do na hEalaíona gurb é polasaí Comhairle Contae na Mí ná na scéimeanna móra infheistíocht chaipitiúil phríobháideacha a sholáthraíonn deis gné ealaín phoiblí a chuir san áireamh mar ghné den fhorbairt fhoriomlán a aithint.

Déanadh coimisiúnú ar shéadchomharthaí / gnéithe de ealaín phoiblí chun eachtra ar leith nó éacht suntasach a bhain duine áitiúil amach a chomóradh. Mar shampla, tá dealbh don gceoltóir agus don gcláirseoir cáiliúil O'Carolan san Obair agus chuir na hÚdarás Áitiúla dealbh do roth mhuilleora ag comharthaíocht oidhreacht thionsclaíoch saibhir na hUaimhe i bhforbairt láithreán féachana ag cumar na Bóinne agus an Abhainn Dubh.



POLASAITHE

POL SÓIS 55	Cur chun cinn a dhéanamh ar sholáthar ealaín phoiblí, le ealaín shealadach agus dealbhóireacht san áireamh, trí mheicníochtaí cosúil le tacaíocht an rialtais le haghaidh Scéim an Chéatadáin don Ealaín agus an próiseas bainistiú forbartha.
POL SÓIS 56	Beidh an tÚdarás Pleanála ag éileamh forbairtí móra tráchtála agus príobháideacha nua sa Chontae chun saothair ealaíona a ionchorprú isteach sa scéim fhoriomlán chun áiseanna an timpeallacht áitiúil a fheabhsú.
POL SÓIS 57	Chun tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do chruthú agus taispeántais saothair ealaíona i láithreáin phoiblí, le suíomh oiriúnacha laistigh den sráid-dreach san áireamh, ar choinníoll nach gcruthaítear aon fadhbanna timpeallachta, conláistí, tráchta nó fadhbanna eile.

